Net Book Value as at 31/12/00	* 685,659	185,556	1,532,621	0	2,403,835

*The opening balance has been restated to take account of Vat on Leases entered into in 2000 which had been taken to account in the previous year's Income & Expenditure Account.

9. Debtors and Prepayments

	2001 £	2001 €	2000 €
Debtors - Deposit Interest	77,037	97,817	86,097
Prepayments			
- Rent	89,730	113,934	48,656
- Insurance	85,426	108,469	23,065
- Wages & Salaries	34,455	43,749	0
- Other	41,121	52,213	22,299
	327,769	416,181	180,117

NOTES TO THE FINANCIAL STATEMENTS FOR THE YEAR ENDED 31 DECEMBER 2001

10. Creditors and Accruals

	2001 £	2001 €	2000 €
Amounts falling due within one year:			
Creditors & Accruals	1,121,494	1,424,004	985,873
	<u>1,121,494</u>	<u>1,424,004</u>	<u>985,873</u>

Included in Creditors at 31 December 2001, is a sum of £172,576 in respect of Withholding Tax on Counsel, Legal and other Professional fees and £277,187 in respect of PAYE and PRSI.

11. Clients' Funds

These funds represent the gross amounts plus interest accrued, which were held by the Board at 31 December 2001 on foot of awards or settlements made in favour of clients represented by the Board. The Board may recover therefrom the total cost of providing such legal services and the balance is paid to the persons represented.

	£	€
Client funds held at 1 January	491,898	624,582
Add Awards/settlements received during 2001	5,029,596	6,386,270
Less Settlements paid out including interest allowed and costs recovered	4,926,733	6,255,660
Client funds held at 31 December	<u>594,761</u>	<u>755,191</u>
Interest accruing on Client Funds held	12,525	15,903
Total due to Clients	<u>607,286</u>	<u>771,094</u>

12. Commitments under Operating Leases

The Board occupies premises at St. Stephen's Green House, Dublin 2 and operates out of 34 other Centres throughout the country. The Board is committed to pay rent of £1,865,780 (€2,369,052) during 2002 in respect of leases expiring as follows:

	£	€
2002	4,700	5,968
2003-2007	21,000	26,664
2008 onwards	1,840,080	2,336,420
Total	<u>1,865,780</u>	<u>2,369,052</u>

NOTES TO THE FINANCIAL STATEMENTS FOR THE YEAR ENDED 31 DECEMBER 2001

13. Reconciliation of Surplus for Year to cash from Operating Activities

	2001 £	2001 €	2000 €
Deficit / Surplus for Year	(1,427,833)	(1,812,974)	1,059,501
Adjustment for Non-Operating Items			
Bank Interest Receivable	(83,212)	(105,657)	(82,939)
Profit/Loss on Disposal of Fixed Assets	(401)	(509)	1,086
Movement on Capital Account	2,141,394	2,719,010	240,360
Adjustment for Non-Cash Items			
Depreciation	855,619	1,086,412	540,884
(Increase)/Decrease in Debtors	(176,685)	(224,344)	754,552
Increase/(Decrease) in Creditors	447,354	568,022	(1,272,691)
	<u>1,756,236</u>	<u>2,229,960</u>	<u>1,240,753</u>

14. Movement of Cash and Cash Equivalents

	2001 £	2001 €	2000 €
Balance at 1 January	3,824,905	4,856,628	4,344,962
Net Cash Outflow/Inflow	(1,161,582)	(1,474,905)	511,665
Balance at 31 December	2,663,323	3,381,723	4,856,627

NOTES TO THE FINANCIAL STATEMENTS FOR THE YEAR ENDED 31 DECEMBER 2001

15. Refugee Legal Service

	2001 £	2001 €	2000 €
Expenditure and Income relating to the Refugee Legal Service are included in the Financial Statements under the following headings.			
Salaries and Wages	1,692,943	2,149,595	862,131
Vat on leases	600,000	761,843	761,843
Other Accommodation Expenses	1,265,839	1,607,284	283,526
Legal Fees and Professional fees	871,691	1,106,819	429,487
General Administration	339,364	430,903	88,073
Fixed Assets	1,670,282	2,120,820	-
	<u>6,440,118</u>	<u>8,177,264</u>	<u>2,425,060</u>
Less contributions from legally-aided persons	(41,960)	(53,278)	(54,736)
Total Net expenditure in the year	<u><u>6,398,159</u></u>	<u><u>8,123,986</u></u>	<u><u>2,370,324</u></u>

16. Pensions

For accounting periods ending on or after 22 June 2005 Financial Reporting Standard 17 will require financial statements to reflect at fair value the assets and liabilities arising from an employer's superannuation obligations and any related funding and to recognise the costs of providing superannuation benefits in the accounting periods in which they are earned by employees. As a transitional measure the Standard requires that the present value of schemes liabilities be disclosed in the notes to the 2001 financial statements. In 2001, the Board was not in a position to comply with the requirements of FRS 17 as it did not obtain an actuarial valuation of the schemes' liabilities. The Board has taken steps to ensure that it will be able to comply with the requirements of the Standard in future years.

17. Approval of Financial Statements

The Financial Statements were approved by the Board on November 21st, 2002

APPENDIX 2 STATISTICS FOR 2001

TABLE 1: Analysis of Applications dealt with in 2001

No of persons provided with legal services		No of persons given legal advice only		No of persons given legal advice and representation (i.e., legal aid certificates)	
2001	2000	2001	2000	2001	2000
14,214	14,382	9,151	9,411	5,063	4,971

TABLE 1a : Analysis of Applications dealt with by Refugee Legal Service 2001

No of persons provided with legal services		No of persons given legal advice only		No of persons given legal advice and representation (i.e., legal aid certificates)	
2001	2000	2001	2000	2001	2000
4,520	3,424	1,705	1,198	2,815	2,226

TABLE 2 : Analysis of Legal Aid Certificate by Court

Type of Case	District Court		Circuit Court		High Court		Supreme Court		Total	
	2001	2000	2001	2000	2001	2000	2001	2000	2001	2000
Law Centres										
Family Law	1,469	1,257	2,000	2,493	60	111	0	2	3,529	3,863
Other	16	17	46	48	41	118	0	2	103	185
Private Practitioners	1,174	923	257	0	0	0	0	0	1,431	923
Total	2,659	2,197	2,303	2,541	101	229	0	4	5,063	4,971

TABLE 3**(a) Family Law Cases**

Law Centres					
Proceedings	District Court	Circuit Court	High Court	Supreme Court	Total
Barring	458	10	0	0	468
Safety Order	181	1	0	0	182
Access	229	21	1	0	251
Custody	169	11	2	0	182
Maintenance	360	29	1	0	390
Child Care	171	24	7	0	202
Guardianship	119	7	0	0	126
Judicial Separation	0	820	10	0	830
Divorce	0	991	19	0	1,010
Injunction	2	41	0	0	43
Nullity	0	23	0	0	23
Child Abduction	0	0	34	0	34
Adoption	0	1	1	0	2
Wardship	1	5	5	0	11
Domestic Violence	187	0	0	0	187
Paternity	0	7	1	0	8
Protection	13	0	0	0	13
Marital Status	0	1	0	0	1
Partition Act	0	6	0	0	6
Family	0	14	0	0	14
Miscellaneous	9	0	0	0	9
Total	1,899	2,012	81	0	3,992

Private Practitioners						
Proceedings	District Court	Circuit Court	High Court	Supreme Court	Total 2001	Total 2000
Barring Order	431	0	0	0	431	463
Safety/Protection Order	383	0	0	0	383	102
Access	452	0	0	0	452	248
Custody	206	0	0	0	206	110
Maintenance	344	0	0	0	344	239
Guardianship	204	0	0	0	204	77
Judicial Separation	0	133	0	0	133	0
Divorce	0	124	0	0	124	0
Other	16	0	0	0	16	0
TOTAL	2,036	256	0	0	2,293	1,239

<i>(B) Non-Family Law Cases</i>					
Law Centres					
Proceedings	District Court	Circuit Court	High Court	Supreme Court	Total
Tort	1	13	12	0	26
Contract	3	7	1	0	11
Employer/Employee	0	1	0	0	1
Debt	3	5	0	0	8
Landlord and Tenant	6	4	0	0	10
Miscellaneous	4	8	21	0	33
RLS Judicial Review	0	0	143	0	143
Total	17	38	177	0	232

APPENDIX 3 - LAW CENTRES

Full-time Law Centres

LAW CENTRE	MANAGING SOLICITOR
CAVAN Newcourt Shopping Centre, Church Street, Cavan Tel: (049) 4331110 Fax: (049) 4331304	Margaret O'Shea-Grewcock
CLARE Unit 6A, Merchant's Square, Ennis, Co Clare Tel: (065) 6821929 Fax: (065) 6821939	Mary Cuffe
CORK North Quay House, Popes Quay, Cork Tel: (021) 551 686 Fax: (021) 551 690 1A South Mall, Cork Tel: (021) 275 998 Fax: (021) 276 927	Betty Dineen Brian Sheridan
DONEGAL Houston House, Main Street, Letterkenny Co Donegal Tel: (074) 26177 Fax: (074) 26086	Geraldine O'Connor
DUBLIN 45 Lower Gardiner Street, Dublin 1 Tel: (01) 874 5440 Fax: (01) 874 6896 9 Lower Ormond Quay, Dublin 1 Tel: (01) 872 4133 Fax: (01) 872 4937 Tower Centre, Clondalkin Village, Dublin 22 Tel: (01) 457 6011 Fax: (01) 457 6007 Village Green, Tallaght, Dublin 24 Tel: (01) 451 1519 Fax: (01) 451 7989 44/49 Main Street, Finglas, Dublin 11 Tel: (01) 864 0314 Fax: (01) 864 0362 48/49 North Brunswick Street, Georges Lane, Dublin 7 Tel: (01) 646 9700 Fax: (01) 646 9799 Unit 6-8, Business Centre, Clonsilla Road, Blanchardstown, Dublin 15 Tel: (01) 820 0455 Fax: (01) 820 0450	Kevin Liston Gerard Kirwan Hugh Cunniam Pauline Corcoran John Weston Ray Finucane Marie Quirke
GALWAY Francis Street, Galway Tel: (091) 561 650 Fax: (091) 563 825	Mary Griffin
KERRY 1 Day Place, Tralee, Co Kerry Tel: (066) 7126900 Fax: (066) 7123631	Carol Ann Coolican

LAW CENTRE	MANAGING SOLICITOR
KILDARE Canning Place, Newbridge, Co Kildare Tel: (045) 435 777 Fax: (045) 435 766	Maeve Slattery
KILKENNY Maudlin Street, Kilkenny Tel: (056) 61611 Fax: (056) 61562	Niall Murphy
LAOIS Unit 6A, Bridge Street, Portlaoise, Co Laois Tel: (0502) 61366 Fax: (0502) 61362	Marie Ni Cruadhlaioich
LIMERICK Lock Quay, Limerick Tel: (061) 314 599 Fax: (061) 318 330	Fergal Rooney
LONGFORD Credit Union Courtyard, 50A Main Street, Longford Tel: (043) 47590 Fax: (043) 47594	Eugene Kelly
LOUTH The Laurels, Dundalk, Co Louth Tel: (042) 9330448 Fax: (042) 9330991	Deirdre McMichael
MAYO Humbert Hall, Main Street, Castlebar, Co Mayo Tel: (094) 24334 Fax: (094) 23721	Tom O' Mahony
MEATH Kennedy Road, Navan, Co Meath Tel: (046) 72515 Fax: (046) 72519	Vivienne Crowe
MONAGHAN Alma House, The Diamond, Monaghan Tel: (047) 84888 Fax: (047) 84879	Stephanie Coggans
OFFALY Harbour Street, Tullamore Tel: (0506) 51177 Fax: (0506) 51544	Helen O'Reilly
SLIGO Bridgewater House, Rockwood Parade, Thomas Street, Sligo Tel: (071) 61670 Fax: (071) 61681	Fiona McGuire
TIPPERARY Friarscourt, Nenagh, Co Tipperary Tel: (067) 34181 Fax: (067) 34083	Josephine Fair
WATERFORD Canada House, Canada Street, Waterford Tel: (051) 855 814 Fax: (051) 871 237	Aidan Lynch
WESTMEATH Northgate Street, Athlone, Co Westmeath Tel: (0902) 74694 Fax: (0902) 72160	Phil O'Laoide

LAW CENTRE	MANAGING SOLICITOR
WEXFORD Unit 8, Redmond Square, Wexford Tel: (053) 22622 Fax: (053) 24927	Shane Dooley
WICKLOW Bridge Street, Wicklow Tel: (0404) 66166 Fax: (0404) 66197	Barbara Smyth

REFUGEE LEGAL SERVICE 48/49 North Brunswick Street, George's Lane, Dublin 7 Tel: (01) 646 9600 Fax: (01) 671 0200	Frank Caffrey, John McDaid, Grainne Brophy
Montague Court, 7-11 Montague Street, Dublin 2 Tel: (01) 476 0265 Fax: (01) 476 0271	
Timberlay House, 79/83 Lower Mount Street, Dublin 2 Tel: (01) 631 0800 Fax: (01) 661 5011	

Part-time Law Centres

LOCATION and TELEPHONE	OPEN ON	LAW CENTRE
CARLOW St. Catherine's Social Services Centre, St. Joseph's Road, Carlow. Tel: (0503) 31354	First and Third Friday of every month	Kilkenny
CLARE Kilrush Community Centre, Toler Street, Kilrush.	Fourth Wednesday of every month	Clare
DONEGAL The Courthouse, Donegal Town. Tel: (074) 26177	First Friday of every month	Donegal
KERRY Killarney Community Services 57 High Street, Killarney Tel: (066) 7126900	Every Friday morning	Kerry
LEITRIM North Western Health Board, Leitrim Road, Carrick-on-Shannon. Tel: (043) 47590	First Wednesday of every month	Longford
LOUTH Drogheda Community Services Centre, Fair Street, Drogheda Tel: (041) 36084/33490	First & Second Tuesday of every month	Ormond Quay, Dublin
MAYO Ballina Community Centre, Teeling Street, Ballina Tel: (094) 24334	First Monday of every month	Mayo
Health Centre, Knock Road, Ballyhaunis Tel: (091) 561650	Fourth Tuesday of every month	Galway
ROSCOMMON Citizens Information Centre, Patrick Street, Boyle Tel: (071) 61670	First Monday of every month	Sligo
TIPPERARY Thurles Community Social Services, Rossa Street, Thurles. Tel: (067) 34181	Second Tuesday of every month	Tipperary
Citizen's Information Centre, 14 Wellington Street, Clonmel. Tel: (052) 22267	First, Second & Third Monday of every month	Tipperary
WESTMEATH Enterprise Centre, Bishopgate Street, Mullingar Tel: (0902) 74694	Last Friday of every month	Westmeath

APPENDIX 4 - MEANS TEST

The applicable criteria for assessing financial eligibility are contained in Section 29 of the Civil Legal Aid Act, 1995 and in Part 5 of the Civil Legal Aid Regulations, 1996, as amended by the Civil Legal Aid Regulations, 2002. The figures shown below became operative on 1st February 2002.

Income Eligibility

The present eligibility limit is €13,000 per annum disposable income. Disposable income is the income that remains after various deductions have been made in respect of dependants, accommodation costs, income tax, social insurance, etc.

Income Contribution

A person whose disposable income does not exceed €8,300 per annum is required to pay a contribution of €6 for legal advice and €35 for legal aid.

Where the disposable income exceeds €8,300 per annum, a person is required to pay a larger contribution up to a maximum of €1,210. In such cases the contribution is calculated as follows: -

Legal Advice -

one tenth of the difference between disposable income and €8,300, subject to a minimum contribution of €6 and a maximum of €100;

Legal Aid -

€35 plus one quarter of the difference between disposable income and €8,300.

Capital

If it becomes necessary to go to court, the value of the applicant's capital resources (e.g., house, land, money in a bank, car) are also taken into account and a capital contribution may be payable. However, capital contributions arise only in a minority of cases.

Present Allowances against income

The maximum allowances for the purpose of calculating the disposable income of applicants for legal services are as follows:-

Allowances:	€
Applicant's spouse	1,900
Dependent child	1,100
Accommodation costs	4,900
Childcare expenses	1,100
Income tax	Full amount
Social Insurance	Full amount
Ex Gratia payments	1,040

Examples of Operation of Means Test

The following are some actual examples of the operation of the means test in the case of married persons with dependants and certain outgoings.

Married Person with two children on a gross income of €18,067 where the spouse is not a dependant.

	€
Income	18,067
Less allowances:	€
2 children	2,200
P.R.S.I.	762
Income Tax	917
Accommodation Costs	4,900
	<u>8,779</u>
Disposable income	9,288
Contribution : €282	

Single Person with four children on a gross income of €13,565 and Lone Parent Allowance of €10,192.

Income		€	23,757
Less allowances	€		
4 children	4,400		
Child care	1,040		
Accommodation Costs	3,840		
P.R.S.I.	746		
P.A.Y.E.	<u>1,147</u>		<u>11,173</u>
	Disposable income		12,584
	Contribution : €1,106		

Married person with one child on a gross income of €17,620 where the spouse is not a dependant.

Income		€	17,620
Less allowances:	€		
1 child	1,100		
Accommodation costs	4,900		
P.R.S.I.	458		
P.A.Y.E.	<u>1,389</u>		<u>7,847</u>
	Disposable income		9,773
	Contribution : €403		

Single person with three children on a gross income of €11,458 and Lone Parent Allowance of €7,108.

Income		€	18,566
Less allowances	€		
3 children	3,300		
Accommodation costs	4,900		
Child Care	<u>2,200</u>		<u>10,400</u>
	Disposable income		8,166
	Contribution: €35		

APPENDIX 5

INFORMATION LEAFLETS AVAILABLE FROM THE LEGAL AID BOARD

Leaflet No. 1	Civil Legal Aid
Leaflet No. 2	Family Law General
Leaflet No. 3	Separation
Leaflet No. 4	Divorce
Leaflet No. 5	Nullity
Leaflet No. 6	Maintenance
Leaflet No. 7	Domestic Violence
Leaflet No. 8	Children and Family Law
Leaflet No. 9	Wills and Inheritance
Leaflet No. 10	Customer Care and Complaints Procedure
Leaflet No. 11	Applying for Legal Services
Leaflet No. 12	Withdrawal of Legal Services
Leaflet No. 13	Financial Eligibility

CLÁR

Réamhrá an Chathaoirligh	2
Foireann Fheidhmiúcháin na hArdoifige	3
An Bord	4
Feidhmeanna an Bhoird	5
Forbairtí sa bhliain 2001	5
Éileamh ar sheirbhísí dlíthiúla ag ionaid dlí	6
Cásanna ar déileáladh leo i 2001	9
Suirbhé Colscartha	10
Úsáid cleachtóirí príobháideacha	13
An tSeirbhís Dlí do Dhídeanaithe	14
An tlonad Doiciméadaithe Dídeanaithe	16
Cásanna sa tseirbhís Dlí do Dhídeanaithe	22
Cuntas coimrithe ar roinnt cásanna a fuair cúnaimh dlíthiúil	17
Acmhainní Daonna	24
Clár Bhainistíochta Athruithe	25
Aistriú an Cheannárais go Cathair Saidhbhín	26
Airgeadas	27
<i>Aguisíní</i>	
1. An Ciste Cúnaimh Dhlíthiúil	32
2. Staitisticí do 2001	45
3. Ionaid Dlí	48
4. Tástáil Acmhainne	52
5. Bileoga	54

RÉAMHRÁ

Seo í mo chéad Thuarascáil Bhliantúil mar Chathaoirleach ar an mBord um Chúnadh Dlíthiúil agus baineann sí leis an mbliain 2001. Tá an chreidiúint as an méid a chuir an Bord i gcrích sa tréimhse sin ag dul cuid mhór do mo réamhtheachtaí Ms. Clare Connellan agus a comhghleacaithe a d'fhág oifig i mí Dheireadh Fómhair 2001.

Sa bhliain 2001, ba é líon iomlán na ndaoine ar cuireadh seirbhísí dlíthiúla ar fáil dóibh ná 18,700 i gcomórtas le 17,800 i 2000. Astu sin, chuir an tSeirbhís Dlí do Dhéanaithe (RLS) seirbhísí ar fáil do 4,500.

Cuireadh leibhéal sásúil maoinithe ar fáil do 30 ionad dlí an Bhoird leis an méadú a rinneadh ar an deontas i gcabhair ó £12.899 milliún (€16.378 milliún) sa bhliain 2000 go dtí £13.604 milliún (€17.274). Bhí an t-athrú ar an soláthar don RLS substaintiúil, agus méadú déanta ar an maoiniú ó £1 milliún go dtí £8.1 milliún. Úsáideadh cuid den mhaoiniú sin le hoifigí nua a bhunú don RLS i mBaile Átha Cliath, i gCorcaigh agus i nGaillimh. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus a chuid oifigeach as a dtacaíocht leanúnach ó thaobh acmhainní de.

Sa bhliain 2001, bhog an Bord roinnt de rannóga na hArdoifige chuig cóiríocht shealadach i gCathair Saidhbhín, de réir théarmaí chinneadh an Rialtais go ndéanfaí Ardoifig an Bhoird a dhílárú. Ag an am céanna bhí obair ag dul ar aghaidh ar na buanoifigí nua ar an mbaile, a críochnaíodh roimh dheireadh na bliana. Críochnaíodh an t-aistriú i mí Feabhra 2002 nuair a bhog an chuid deiridh den fhoireann go Cathair Saidhbhín.

Mar chuid den chur chuige iomlán atá againn i leith riar corparáideach, tá baill an Bhoird tiomnaithe go hiomlán do chur chun cinn éifeachtach an chlár athraithe bainistíochta a thionscnaigh an Bord a tháinig rompu. Sa chomhthéacs seo, feiceann an Bord feidhmiú éifeachtach Chóras nua Bainistíochta agus Forbartha Feidhmiúcháin na hEarnála Poiblí (PMDS) mar riachtanas rithabhachtach ó cheann ceann na heagraíochta a bhfuil



sochair shoiléire ann don Bhord, dá fhoireann agus do chliant an Bhoird.

Is eol don Bhord gur aithin an Suirbhé ar an Aeráid Eagraíochtuil, a rinneadh mar chuid den chlár forbartha bainistíochta d'aturnaetha bainistíochta agus do bhainisteoirí sinsearacha eile sa Bhord, go bhfuil gá le níos mó soiléireachta ar na caighdeáin agus ar na leibhéil feidhmiúcháin a bhfuil súil leo. Creideann an Bord gur uirlis chumhachtach é PMDS chun dul i ngleic le rudaí a aithníodh sa Suirbhé agus chun cinnireacht láidir a sholáthar i rith a théarma oifige.

Mar chríoch ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an mBord a tháinig romhainn agus táim ag tnúth le bheith ag obair le mo chomhghleacaithe sa Bhord reatha agus le bainistíocht agus foireann an Bhoird, d'fhonn cáilíocht na seirbhíse agus an fháil atá uirthi a fheabhsú go leanúnach.

Eamon Leahy A.S.
Meán Fómhair 2002

FOIREANN FHEIDHMIÚCHÁIN NA hARDOIFIGE

Príomhfheidhmeannach	Frank Goodman
Stiúrthóir um Chúnammh Dlíthiúil	Frank Brady
Stiúrthóir Acmhainní Daonna :	Pat Fitzsimons
Stiúrthóir Oibríochtaí :	Dara Mullally
Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha An tSeirbhís Dlí do Dhídeanaithe :	Feargal O'Brolchain
Rialtóir Airgeadais :	Joan Enright
Rúnaí don Bhord :	Clare Kelly
Iniúcháirí :	An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste
Aturnaetha :	Mason, Hayes agus Curran
Ardoifig :	Sráid na Cé Cathair Saidhbhín Co Chiarraí Fón : 066 947 1000 Facs : 066 947 1035
Oifig Bhaile Átha Cliath :	7-11 Montague Court Sráid Montague Baile Átha Cliath 2 Fón : 01 477 6200 Facs : 01 476 0267
Láithreán Gréasáin:	www.legalaidboard.ie



An t-ionad fáiltithe agus an taobh amuigh de Ardoifig an Bhoird um Chúnammh Dlíthiúil i gCathair Saidhbhín.

AN BORD



Eamon Leahy A.S.
Cathairleach

Caoimhín Ó hUiginn

Rúnaí Iúnta An Roinn
Dlí agus Cirt, Comhionannais
agus Athchóirithe Dlí



David King

Ionadaí Foirne
Ardoifigeadh Feidhmiúcháin
An tSeirbhís Dlí Dhídeanaithe

Catherine Hazlett

Príomh-Oifigeadh
An Roinn Gnóthaí Sóisialacha
agus Teaghlaigh



Lucille Fahy

Ionadaí Foirne
Aturnae
Ionad Dlí Shráid Gardiner

Una Doyle O'Sullivan

Aturnae



Brendan T. Looby

Aturnae

Cormac Dunne

Aturnae



Tony McCarthy

Gnó Miondiola

Patricia Ryan

Abhcóide



Ann Nolan

Príomh-Oifigeadh
An Roinn Airgeadais

Catherine Egan

Abhcóide



Ann Colley

Aturnae

FEIDHMEANNA AN BHOIRD

Déanann an Bord um Chúnamh Dlíthiúil riaradh ar chúnamh dlíthiúil sibhialta de réir théarmaí an Achta um Chúnamh Dlíthiúil Sibhialta, 1995, agus na Rialacháin atá déanta faoin Acht. Is féidir, faoin Acht, cúnaimh dlíthiúil agus comhairle dhlíthiúil a sholáthar i gcásanna sibhialta do dhaoine a shásaíonn na tástálacha maidir le incháilitheacht airgeadais agus tuillteanas atá leagtha síos san Acht agus sna Rialacháin. Tá soláthar san Acht freisin maidir le heolas a chur ar fáil faoi sheirbhísí an Bhoird agus an fháil atá orthu.

Tá cúnaimh dlíthiúil ionadaíochta ar fáil d'imeachtaí sa Chúirt Dúiche, sa Chúirt Chuarda, san Ardchúirt agus sa Chúirt Uachtarach, agus freisin d'imeachtaí os comhair Chúirt Bhreithiúnais na hEorpa. Níl cúnaimh dlíthiúil sibhialta ar fáil do stiúradh imeachtaí os comhair bhinse riaracháin, ach amháin d'achomharc in aghaidh diúltú stádais dídeanaí. Is féidir comhairle agus cúnaimh dlíthiúil a chur ar fáil, áfach, do dhaoine atá páirteach in imeachtaí os comhair bhinse ar bith.

Is í an fheidhm atá leis an mBord um Chúnamh Dlíthiúil ná seirbhísí aturnaetha agus, más gá, seirbhísí abhcóidí a sholáthar do dhaoine incháilithe. Soláthraítear cúnaimh agus comhairle dhlíthiúil, go príomha, trí ionaid dlí ag aturnaetha atá i bhfostaíocht lánaimseartha an Bhoird. Tá gréasán náisiúnta d'ionaid dlí ag an mBord, 30 ionad lánaimseartha agus 12 ionad páirtaimseartha, ar fud na tíre. Cuirtear seirbhísí abhcóide ar fáil de réir théarmaí an chomhaontaithe atá idir Chomhairle Bharra na hÉireann agus an Bord.

Fostaíonn an Bord aturnaetha i gcleachtais phríobháideacha chun seirbhísí dhlíthiúil comhlántach a sholáthar i gcomhar leis an tseirbhís óna hionaid dlí i gcásanna áirithe dlí teaghlaigh sa Chúirt Dúiche mar atá, foréigean teaghlaigh, cothabháil agus coimeád/rochtain. Cabhraíonn sé seo leis an mBord seirbhís a chur ar fáil do gach iarratasóir laistigh de thréimhse réasúnta ama. I mí na Bealtaine 2001, thug an Bord tionscadal píolótach dhá bhliana isteach faoina n-úsáidtear aturnaetha príobháideacha i gcásanna colscartha agus idirscartha bhreithiúnaigh sa Chúirt Chuarda, agus tá torthaí an tionscadail á meas.

Tá seirbhís thiomnaithe ar a dtugtar An tSeirbhís Dlí do Dhídeanaithe (RLS) á feidhmiú ag an mBord freisin chun comhairle agus cúnaimh dlíthiúil a sholáthar d'iarratasóirí tearmainn ag gach céim den phróiseas tearmainn, ionadaíocht os comhair an Bhinse Achomhairc Dídeanaithe san áireamh.

Foilsíonn an Bord roinnt bileog eolais maidir leis na seirbhísí a chuireann sé ar fáil. Cuireann na trí cinn déag de bhileoga eolais atá foilsithe go dáta eolas ginearálta ar fáil, i gcaint neamhdhlíthiúil, ar réimse leigheasanna dlí teaghlaigh a bhfuil fáil orthu faoi láthair. Tá na bileoga eolais ar fáil in ionaid dlí an Bhoird mar aon le oifigí cúirte agus Ionaid Eolais Saoránach ar fud na tíre. Tá forbairt á dhéanamh faoi láthair ar bhileoga eolais ar sheirbhísí eile a chuireann an Bord ar fáil, an tseirbhís nua do ghearánaithe i gcásanna éignithe san áireamh.

Íoctar as an gcaiteachas a bhíonn ar an mBord i bhfeidhmiú a chuid seirbhísí as an gCiste Cúnaimh Dhlíthiúil. Cuimsíonn an ciste seo Deontas i gCabhair ón Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, ranniocaíochtaí ó dhaoine ar tugadh cúnaimh dóibh agus ioncam eile, maoiniú sainiúil ón Oireachtas don RLS san áireamh.

FORBAIRTÍ SA BHLIAIN 2001

Bhí roinnt forbairtí suntasacha i rith na tréimhse atá faoi athbhreithniú, agus bhíodar seo a leanas ar na cinn ba thábhachtaí:-

- Méadaíodh Deontas i gCabhair an Bhoird de 5.5%, ó £12.899 milliún (€16.378 milliún) sa bhliain 2000 go £13.604 milliún (€17.274) sa bhliain 2001;
- Méadaíodh an maoiniú don tSeirbhís Dlí do Dhídeanaithe ó £1 milliún (1.27 milliún) sa bhliain 2000 go £8.1 milliún (€10.28 milliún) sa bhliain 2001;
- Chuir an Bord seirbhísí dlíthiúla ar fáil do bheagán os cionn 18,700 duine sa bhliain 2001 i gcomórtas le 17,800 sa bhliain 2000;
 - Chuir na hionaid dlí seirbhísí ar fáil do 12,800 duine;

- Chuir Scéim na gCleachtóirí Príobháideacha seirbhísí ar fáil do 1,400 sa Chúirt Dúiche agus sa Chúirt Chuarda, agus
- Chuir an RLS seirbhísí dlíthiúla ar fáil do 4,500 iarratasóirí tearmainn;
- Laghdaíodh na tréimhsí feithimh don chéad choinne le haturnae i 19 ionad dlí;
- Laghdaíodh na tréimhsí feithimh go trí mhí nó níos lú don chéad choinne le haturnae i 17 ionad dlí;
- Laghdaíodh líon na ndaoine a bhí ag feitheamh leis an gcéad choinne le haturnae de aon trian, ó thart ar 2,200 i mí na Nollag 2000 go 1,500 ag deireadh mhí na Nollag 2001;
- I mí na Bealtaine 2001, cuireadh Scéim Phíolótach Cúirte Cuarda i bhfeidhm i ndeich láthair ar fud na tíre le go bhféadfadh cleachtóirí príobháideacha ionadaíocht a dhéanamh do chliaint i gcásanna colscartha agus idirscartha bhreithiúnaigh;
- Chuir An tAcht um Chiontóirí Gnéis, 2001, a tháinig i bhfeidhm i mí Mheán Fómhair 2001, leasú ar an Acht um Chúnaimh Dlíthiúil Sibhialta, 1995, trí scóip an chúnaimh dlíthiúil a leathnú le hionadaíocht dhlíthiúil a sholáthar do ghearánaithe i gcúinsí áirithe i rith cásanna "éignithe";
- Léirigh suirbhé cliant, a reachtáladh le tuairimí cliant a fháil faoin tseirbhís a sholáthraíonn an Bord, ardleibhéal sástachta leis an tseirbhís; reachtáilfear suirbhéanna cosúil leis sin, faoin tseirbhís a sholáthraíonn cleachtóirí príob



Seán Ó Donnchú, T.D., An tAire Dlí agus Cirt Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus Frank Goodman, Príomhfheidhmeannach, ag oscailt oifigí Ionaid Dlí an Aonaigh.

háideacha chomh maith le hionaid dlí an Bhoird, ar bhonn leanúnach;

- D'oscail an Bord oifig shealadach i gCathair Saidhbhín, Co Chiarraí chun éascaíocht a dhéanamh do athshuíomh na hArdoifige ó Bhaile Átha Cliath go Chiarraí.

ÉILEAMH AR SHEIRBHÍSÍ DLÍTHIÚLA AG IONAI DLI

Mar a tugadh le fios cheana, aturnaetha atá fostaithe go lánaimseartha ag an mBord, ag obair in ionaid dlí a bhunaigh an Bord, is mó a chuireann seirbhísí dlíthiúla ar fáil. Cabhraíonn raon d'fhoireann pharaidhlíthiúil agus riaracháin leis na haturnaetha san obair sin. I dteannta an líonra de 30 ionad dlí lánaimseartha, cuireann foireann an Bhoird seirbhísí dlíthiúla ar fáil trí 12 ionad dlí páirtaimseartha. Pléitear an ról tábhachtach comhlántach atá ag scéim na gcleachtóirí príobháideacha agus ag an tseirbhís shainiúil RLS i rannóga eile den tuarascáil seo.

Seirbhís tosaíochta

Feidhmíonn an Bord nós imeachta trína dtugtar tosaíocht do chatagóirí áirithe cásanna, mar shampla, foréigean teaghlaigh, cúram leanaí, fuadach leanaí agus cásanna eile mar a bhfuil teorainneacha ama i gceist. Déileáiltear leis na cásanna sin láithreach. Tá gá lena leithéid de chóras tosaíochta chun a chinntiú, mar shampla, go gcuirtear seirbhís ar fáil gan mhoill do dhaoine a bhfuil foréigean teaghlaigh á dhéanamh orthu agus do chásanna a bhaineann le cúram leanaí. Tá gá leis an tseirbhís sin mar go bhféadfadh an t-éileamh ar sheirbhísí dlíthiúla a bheith níos mó ná an cumas atá ag an mBord freagairt don éileamh sin ar an toirt.

Ina theannta san fágtar faoi bhreithiúnas na n-aturnaetha bainistíochta an tseirbhís tosaíochta a sholáthar más dóigh leo, ag cur cúinsí áirithe an cháis san áireamh i gcomórtas le hiarratais eile ar an liosta feithimh, gur chóir tosaíocht faoi leith a thabhairt d'iarratasóir áirithe. Sa bhliain 2001, ba é an líon iomlán de choinní tosaíochta a thug na hionaid dlí ná thart ar 1,500, nó beagnach 22% den líon iomlán coinní a tugadh do chliaint nua i rith na bliana.

Leibhéal an éilimh ar sheirbhísí dlíthiúla

Neartaíodh inniúlacht bhainistíochta an Bhoird nuair a ceapadh breis foirne ag an leibhéal sinsearach bainistíochta – rinneadh tagairt dó sa Tuarascáil Bhliantúil 1999.

Cé gur úsáideadh na hacmhainní breise bainistíochta sin go príomha do ghníomhaíochtaí bainisteoireachta sainiúla ag an tús, forbairt an RLS agus athbhreithniú ar nósanna imeachta gairmiúla agus riaracháin san áireamh, bhíothas in ann freisin próiseas athbhreithnithe ar ionaid dlí a thosú. Tá an Bord ag cur tús le próiseas chun critéir agus bearta a fhorbairt a chinnteoidh luach airgid agus a fheabhsóidh tríchur agus éifeacht costais na n-ionad dlí. Táthar i mbun anailíse staitistiúil ar ualáí oibre agus ar aschur sna hionaid dlí i gcomhar leis an gcóras eolais bhainistíochta a bheith á dtabhairt isteach, ag éirí as an bhforbairt ar chóras ríomhaireachta chun cásanna agus gníomhaíochtaí eile bainistíochta.

Beidh aird faoi leith á tabhairt ag an bhfoireann bhainistíochta ar an Tuarascáil Athbhreithnithe Caiteachais i dtaca le soláthar an chúnamh dhlíthiúil, a luadh i dTuarascáil na bliana seo caite agus a críochnaíodh i rith na bliana 2001. Rinne an Grúpa Athbhreithnithe sraith moltaí d'fhonn soláthar seirbhíse ar chostas éifeachtach a chinntiú, ina measc:

- Socraithe a thabhairt isteach le
 - feidhmiúchán iomlán na n-ionad dlí a thomhas; agus
 - córais nua a sholáthar chun cásanna a bhainistiú chun tríchur na gcásanna a uasmhéadú;
- Tabhairt faoi anailís chuimsitheach ar chostas seirbhísí dlíthiúla, i gcatagóirí éagsúla cásanna; agus
- Bearta sainiúla d'fhonn éifeachtúlacht a mhéadú.

Tá beartaithe ag an mBord dul chun cinn suntasach a dhéanamh ar fheidhmiú na moltaí sin i rith na mblianta 2002 agus 2003.

I láthair na huaire, mar chuid de chlár PMDS an Bhoird, tá tús curtha le hathbhreithniú ar na

staitisticí a bhaineann le cásanna reatha in ionaid dlí. Sa chomhthéacs seo, tugtar faoi deara go bhfuil laghdú tagtha thar na blianta ar líon na n-iarratasóirí i dtaca le seirbhísí dlíthiúla ó ionaid dlí de chuid an Bhoird (ag fágáil an RLS as an áireamh), ó bhuaicphointe i 1997, mar a leanas:

1996	10,800
1997	13,400
1998	11,400
1999	9,600
2000	8,900
2001	8,500

Bhí an figiúr do 1997 níos airde ná mar ba ghnáth, ag éirí as colscaradh a bheith tugtha isteach i mí Feabhra 1997. Ar feadh na bliana roimhe sin bhí an Bord ag coinneáil taifead de dhaoine a raibh spéis acu i seirbhísí dlíthiúla chun colscaradh a fháil. Níor cuireadh na hiarratasóirí sin ar liosta feithimh go dtí mí Feabhra 1997 agus, dá bharr sin, bhí thart ar 1,000 duine san áireamh i bhfigiúirí na bhliana 1997 a rinne teagmháil leis an mBord i 1996.

Léiríonn athbhreithniú ar staitisticí bliantúla an Bhoird ó 1997 go 2001 go bhfuil líon na ndaoine ar cuireadh seirbhísí dlíthiúla ar fáil dóibh tríd na hionaid dlí réasúnta seasmhach ag meánfigiúr de 13,000. Bheadh beagán os cionn 6,000 cliant, a ghlactar in aghaidh na bliana, san áireamh ansin – cásanna ag leanúint ó bhlianta roimhe sin a bheadh sa chuid eile.

Tá líon na ndaoine ar cuireadh seirbhísí dlíthiúla ar fáil dóibh sna hionaid dlí, mar aon le líon na dteastas cúnamh dhlíthiúil a tugadh agus líon na gcásanna nua a glacadh ó 1996, leagtha amach sa tábla seo a leanas:

Bliain	Iomlán	Teastais	Cásanna Nua
1996	11,800	4,000	N/A
1997	13,000	5,000	7,000
1998	12,900	4,600	5,900
1999	13,600	4,300	6,200
2000	13,300	4,000	6,000
2001	12,800	3,600	6,200

Chuidigh an laghdú ar leibhéal an éilimh agus an méadú ar úsáid aturnaetha príobháideacha le laghdú a dhéanamh ar líon na ndaoine a bhíonn ag fanacht le seirbhísí, agus ar an tréimhse ama a bhíonn ar dhuine feitheamh leis an gcéad choinne le haturna. Tá líon na ndaoine ag feitheamh le seirbhís tite ó

2,200 i mí na Nollag 2000 go 1,500 ag deireadh mhí na Nollag 2001. Is ionann é sin agus laghdú 33% ar líon na ndaoine a bhí ag feitheamh le seirbhísí dlíthiúla ag deireadh na bliana 2001. Tá na tréimhsí feithimh ar choinne leagtha amach sa tábla seo a leanas.

Tábla I : Tréimhse feithimh ar choinne le haturna

Ionad Dí	Nollaig 1999 míonna	Nollaig 2000 míonna	Nollaig 2001 míonna
An Cabhán	4	1.5	1
An Clár	4	5	4
Corcaigh – Port an Phápa	6	0	2
Corcaigh – An Malla Theas	7	5	6
Dún na nGall	3.5	3.5	3
Áth Cliath – Bhaile Bhlainséir	2	5	9.5
Sráid Brunswick	2.5	5	5
Cluain Dolcáin	2.5	11.5	3
Fionnghlas	5	10.5	4.5
Sráid Gardiner	13	10	8
Cé Urumhan	11	7	3.5
Tamhlacht	4	10.5	3.5
Gaillimh	4	5	3
Ciarraí	12	7	6
Cill Dara	15	5	2.5
Cill Chainnigh	6.5	5	4.5
Laois	3.5	1	3
Luimneach	4.5	3	1
An Longfort	2	1	0
Lú	6.5	4	3
Maigh Eo	1	1	1
An Mhí	4.5	2.5	3
Muineachán	3.5	2.5	0
Uíbh Fhailí	5	1.5	3.5
Sligeach	1.5	2.5	3
Tiobraid Árann	7	6	3
Port Láirge	1	3	1
An Iarmhí	2	2	2.5
Loch Garman	10.5	7	6
Cill Mhantáin	12	3	4

CÁSANNA AR DÉILEÁLADH LEO SA BHLIAIN 2001

18,700 duine san iomlán a fuair cúnamh ón mBord tríd na hionaid dlí agus tríd An tSeirbhís Dlí do Dhídeanaithe sa bhliain 2001, sin méadú níos mó ná 5% ar an bhfigiúr 17,800 a bhí i gceist sa bhliain 2000. Fuair 14,200 duine san iomlán a cúnamh tríd na hionaid dlí agus trí Scéim na gCleachtóirí Príobháideacha i rith na bliana 2001, i gcomórtas le 14,400 sa bhliain 2000.

Cuireadh comhairle dlíthiúil (seachas RLS) ar fáil do 9,100 duine i gcomórtas le 9,400 duine sa bhliain 2000.

Cuireadh cúnamh dlí, i.e. ionadaíocht i gcúirt, ar fáil do 5,100 duine sa bhliain 2000, i gcomórtas le 5,000 duine sa bhliain 2000.

Sa bhliain 2001 chuir an RLS seirbhísí dlíthiúla ar fáil do bhreis agus 4,500 iarratasóir tearmainn, méadú 32% ar an bhfigiúr 3,400 don bhliain 2000. Beagán os cionn 2,800 duine a fuair cúnamh dlíthiúil freisin le haghaidh ionadaíochta os comhair an Bhinse Achomharc Dídeanaithe sa bhliain 2001, i gcomórtas le breis agus 2,200 duine sa bhliain 2000.

Tá mion-staitisticí ar na cásanna ar déileáladh leo sa bhliain 2001 le fáil in Aguisín 2.

Léiríonn an tábla seo a leanas líon na ndaoine ar cuireadh seirbhísí dlíthiúla ar fáil dóibh tríd na hionaid dlí agus trí Scéim na gCleachtóirí Príobháideacha i rith na ceithre bliana seo caite.

1998	13,700
1999	14,400
2000	14,400
2001	14,200


Léiríonn an tábla thíos líon na ndaoine ar cuireadh seirbhísí dlíthiúla ar fáil dóibh tríd an RLS i rith na trí bliana seo caite.

1999	1,600
2000	3,400
2001	4,500

Cásanna Dlí Teaghlaigh

Cosúil le blianta roimhe seo, bhí formhór mór na gcásanna ar dhéileáil ionaid dlí ag baint le réimse an dlí teaghlaigh – thart ar 97% de chásanna cúirte agus 80% de chásanna comhairle dlíthiúil. Tá miondealú sa chairt seo a leanas ar na cásanna éagsúla dlí teaghlaigh ar cuireadh cúnamh dlíthiúil ar fáil dóibh in ionaid dlí.

Cásanna Dlí Teaghlaigh - An tIonad Dlí



Léiríonn an tábla seo a leanas an líon iomlán orduithe colscartha agus idirscartha breithiúnaigh a dheonaigh na cúirteanna in 2000 agus in 2001 (tagairt: Tuarascálacha Bliantúla na Seirbhísí Cúirteanna 2000 agus 2001) agus an líon ar tugadh cúnaimh dlíthiúil dóibh sna tréimhsí sin.

2000	Iomlán Orduithe Déanta	Fuair Cúnaimh Dlíthiúil	Céatadán a fuair cúnaimh dlíthiúil
Colscaradh	3,339	1,225	36.7%
Idirscaradh Breithiúnach	1,592	1,003	63.0%

2001	Iomlán Orduithe Déanta	Fuair Cúnaimh Dlíthiúil	Céatadán a fuair cúnaimh dlíthiúil
Colscaradh	3,459	1,134	32.8%
Idirscaradh Breithiúnach	1,845	963	52.2%

Idirscaradh Breithiúnach

Bhí laghdú ar líon na ndaoine ar cuireadh cúnaimh dlíthiúil ar fáil dóibh le haghaidh imeachtaí idirscartha bhreithiúnaigh sa bhliain 2001, i gcomórtas le 2000, ach tá tábhacht mhór leis na cásanna seo i gcónaí ó thaobh na seirbhísí dlíthiúla a chuireann an Bord ar fáil agus is ina leith sin a tugadh 16.5% d'iomlán na dteastas i gcásanna dlí teaghlaigh. Is mír an-tábhachtach reachtaíochta fós é An tAcht um an Dlí Teaghlaigh, 1995, a chorpraíonn forálacha an Achta um Idirscaradh Breithiúnach agus Athchóiriú an Dlí Teaghlaigh, 1989, do dhaoine nach mian leo imeachtaí colscartha a thionscnamh, nó nár mhair óna chéile ar feadh ceithre bliana, ach gur mian leo scaradh agus leas a bhaint as orduithe comhshocraithe maoin, orduithe pinsin agus orduithe coimhdeacha eile is féidir a dhéanamh faoin Acht.

Faoi dheireadh na bliana 2001, bhí cúnaimh dlíthiúil tugtha do 10,700 duine i leith cásanna idirscartha bhreithiúnaigh ó tháinig An tAcht um Idirscaradh Breithiúnach agus Athchóiriú an Dlí Teaghlaigh, 1989 i bhfeidhm. Seo a leanas na figiúirí do na cúig bliana seo caite:

Bliain	Teastais Chúnaimh Dhlíthiúil
1997	1,249
1998	1,019
1999	1,060
2000	1,003
2001	963

Colscaradh

Tá laghdú beag ar líon na ndaoine ar cuireadh cúnaimh dlíthiúil ar fáil dóibh le haghaidh imeachtaí colscartha sa bhliain 2001, i gcomparáid le figiúr na bliana 2000, ach fós is ina leith a tugadh 19.5% d'iomlán na dteastas i gcásanna dlí teaghlaigh. Bhí tionchar mór fós ag an gcolscaradh ar na hionaid dlí agus ar na tréimhsí feithimh do choinne le haturnae.

Ó tháinig An tAcht um an Dlí Teaghlaigh (Colscaradh), 1996 i bhfeidhm ar an 27 Feabhra 1997, tugadh cúnaimh dlíthiúil do bheagnach 6,000 duine i leith colscaradh.

Léiríonn an tábla seo a leanas líon na ndaoine ar tugadh cúnaimh dlíthiúil dóibh le colscaradh a fháil i rith na cúig bliana seo caite.


Bliain	Teastais Chúnaimh Dhlíthiúil
1997	938
1998	1,317
1999	1,317
2000	1,225
2001	1,134

SUIRBHÉ COLSCARTHACHA

Sa Tuarascáil Bhliantúil dheiridh, thug an Bord le fios go raibh suirbhé á dhéanamh ar imeachtaí colscartha. Bhí anailís déanta ar shampla 150 cliant a fuair cúnaimh dlíthiúil agus cuireadh san áireamh sa Tuarascáil sin iad. Tá torthaí 913 cás ar fáil anois agus athbhreithniú déanta orthu, agus tugann na táblaí agus na cairteanna seo a leanas léargas ar an scéal.

Próifil Aoise

Léiríonn an dá chairt seo a leanas próifílí aoise na mban agus na bhfear ar tugadh cúnamh dlíthiúil dóibh le haghaidh imeachtaí colscartha. Léiríonn na cairteanna seo go raibh an chionmhaireacht ba mhó de mhná sa réimse aoise "30 go dtí 39 bliain", i.e. 45%, ach go raibh an chionmhaireacht ba mhó de na fir sa réimse aoise "40 go dtí 49 bliain", 39%.



An líon blianta pósta

Léiríonn an dá thábla seo a leanas an líon blianta pósta a bhí i gceist, i gcás na mban agus na bhfear ar tugadh cúnamh dlíthiúil dóibh in imeachtaí colscartha. Léiríonn na táblaí seo go raibh an chionmhaireacht ba mhó de na mná, 42%, sa chatagóir "10 go 19 bliain pósta", ach go raibh an chionmhaireacht ba mhó de na fir, 39%, sa chatagóir "os cionn 20 bliain pósta".


Blianta pósta (mná)	Iomlán	Mar % den Iomlán
Faoi 5 bliain	36	5%
5-9 bliain	121	18%
10-19 bliain	285	42%
20 bliain agus os a chionn	220	32%
N/A	19	3%
IOMLÁN	681	100%

Blianta pósta (fir)	Iomlán	Mar % den Iomlán
Faoi 5 bliain	18	8%
5-9 bliain	33	14%
10-19 bliain	80	35%
20 bliain agus os a chionn	91	39%
N/A	10	4%
IOMLÁN	232	100%

Líon Leanaí Cleithiúnacha

Léiríonn an chairt seo a leanas na cliaint ar tugadh cúnamh dlíthiúil dóibh in imeachtaí colscartha, catagóirithe de réir líon a leanaí cleithiúnacha. Léiríonn an chairt seo nach raibh leanaí cleithiúnacha ar bith ag an líon ba mhó, i.e. 37%.

Líon na Leanaí Cleithiúnach in aghaidh an Cháis



Leigheasanna Roimh Ré

Léiríonn an tábla seo a leanas an stádas dlíthiúil sular frítheadh teastas cúnamh dhlíthiúil, i gcás cliaint a fuair cúnamh dlíthiúil le haghaidh imeachtaí colscartha. Léiríonn an tábla seo nach raibh Orduithe Foirmiúla Scartha nó Cúirte Dúiche ag an líon ba mhó, i.e. 39%.

Stádas Dlíthiúil sular frítheadh Teastas Cúnaimh Dhlíthiúil	Líon a heisíodh	Mar % den Iomlán
Gan orduithe foirmiúla Scartha ná Cúirte Dúiche	357	39%
Ordú Cúirte Dúiche	231	25%
Comhaontú Scartha, Idirscaradh Breithiúnach agus/ nó Ordú Cúirte Dúiche	325	36%
IOMLÁN	913	100%

Líon na gcliant a bhain úsáid as idirghabháil agus as comhairliú

Léiríonn an dá thábla seo a leanas líon na gcliant ar tugadh cúnaimh dlíthiúil dóibh le haghaidh imeachtaí colscartha agus a bhain úsáid as idirghabháil nó as comhairliú.

Comhairliú	Iomlán
Fir	2
Mná	8
IOMLÁN	10

Idirghabháil	Iomlán
Fir	8
Mná	46
IOMLÁN	54

Léiríonn na táblaí seo nár bhain ach 10 den 913 cliant a ghlac páirt sa suirbhé úsáid as idirghabháil agus gur bhain 54 úsáid as comhairliú pósta. Ní ábhar iontais iad na figiúirí ísle do chomhairliú pósta, ó tharla go mbíonn cliant ag an gcéim dheireanach den phróiseas cliste pósta nuair a dhéanann siad iarratas ar chúnamh dlíthiúil chun imeachtaí colscartha a thionscnamh nó a chosaint. Ag an gcéim sin den phróiseas is cosúil nach dóigh le cliant gur aon bhuntáiste dóibh na seirbhísí sin a úsáid, go háirithe ó tharla go mbeadh thart ar 36% acu gafa trí idirscaradh breithiúnach cheana féin, sin nó go mbeadh comhaontú scartha acu. Tá líon na gcliant a bhaineann úsáid as idirghabháil

an-íseal freisin. Aithníonn an Bord go bhfuil sochair thábhachtacha ar fáil tríd an tSeirbhís Idirghabhála Teaghlaigh agus cuireann aturnaetha an Bhoird comhairle ar chliant go bhfuil na seirbhísí de chineál sin ar fáil. Is faoin gcliant féin atá an rogha deireanach, áfach. Ní chuireann struchtúr na gcúirteanna in Éirinn ceangal ar chliant idirghabháil a úsáid, faoi mar a déantar i roinnt dlínsí eile. Mar shampla, in Ontario, áit nach dtugtar cúnaimh dlíthiúil ach amháin chun déileáil le colscarthaí gan chonspóid, ní mór freastal ar idirghabháil de réir na rialacha cúirte, agus dá bhrí sin níl an dara rogha ag daoine ach freastal ar chomhdháil socraíochta réamhthrialach, á éascú ag idirghabhálaí a bhíonn ceaptha ag an gcúirt. Mar thoradh ar sin is dóichí in Ontario go socrófar cás ná go rachaidh sé chun cúirte. D'fhéadfadh idirghabháil a bheith tairbheach, ach go háirithe, nuair a bhonn an dá thaobh comhaontaithe go bhfaighfí an fhoraithe, ach go mbonn siad easaontaithe faoi cheisteanna eile, m.sh., coimeád agus rochtain. Tá seans ann go bhféadfaí idirghabháil a dhéanamh ar na ceisteanna sin.

Leanfaidh an Bord den obair leis an tSeirbhís Idirghabhála Teaghlaigh san iarracht lena chinntiú go mbainfidh gach cliant cuí úsáid as a chuid seirbhísí.

Sonraí cliant

Léiríonn an tábla seo a leanas líon na gcliant a thionscain nó a chosain imeachtaí colscartha, agus an líon a rinne achomharc agus a rinne athiontráil ar imeachtaí colscartha. Tá rangú déanta ar an tábla seo de réir inscne.

Léiríonn an tábla seo gur mná ab ea 75% de na cliant sin a fuair cúnaimh dlíthiúil in imeachtaí colscartha, agus gur fir ab ea 25% díobh. I gcás an dá chineál acu, thionscain an chionmhaireacht ba mhó acu imeachtaí colscartha agus is cosaint a rinne an chionmhaireacht ba lú.

Eolas faoi chliant	Cineál an chliant	Líon	% den iomlán
Thionscain	Baineann	548	60%
Chosain		124	14%
Eile		9	1%
Fo-iomlán		681	75%
Thionscain	Fireann	170	18%
Chosain		60	7%
Eile		2	0%
Fo-iomlán		232	25%
IOMLÁN		913	100%

Socrú an Cháis

Léiríonn an tábla seo a leanas conas a socraíodh cásanna cliant a fuair cúnamh dlíthiúil le haghaidh imeachtaí colscartha. Léiríonn an tábla nach raibh socrú ar a gcás faighte ag an líon ab airde de na cliant nuair a rinneadh an suirbhé colscartha.

Foraithne Colscartha	Iomlán	Mar % den iomlán
Conspóidithe	189	21%
Socraithe	148	16%
Araon	54	6%
Ní raibh aon socrú	522	57%
IOMLÁN	913	100%

ÚSÁID CLEACHTÓIRÍ PRÍOBHÁIDEACHA

Tugann an tAcht um Chúnamh Dlíthiúil, 1995, cumhacht don Bhord painéal aturnaetha i gcleachtais phríobháideacha a bhunú chun cúnamh agus comhairle dlíthiúil a sholáthar. Baineann an Bord úsáid as Scéim na gCleachtóirí Príobháideacha sa Chúirt Dúiche agus chomh maith leis sin, sa bhliain 2001, thosaigh sé scéim phiolótach bliana chun cleachtóirí príobháideacha a úsáid sa Chúirt Chuarda.

An Chúirt Dúiche

Tá Scéim Chleachtóirí Príobháideacha na Cúirte Dúiche ag feidhmiú ar bhonn náisiúnta, ó mhí na Bealtaine 2000, chun cuidiú leis an mBord ina iarrachtaí le sheirbhís a sholáthar do gach iarratasóir laistigh de thréimhse réasúnta ama. Soláthraíonn an Scéim seo seirbhís dhlíthiúil chomhlántach i dtaca leis an tseirbhís atá á sholáthar ag ionaid dlí le haghaidh ábhair áirithe dlí teaghlaigh sa Chúirt Dúiche, mar atá, foréigean teaghlaigh, cothabháil agus coimeád/rochtain. Úsáidtear cleachtóirí príobháideacha i gcásanna ina bhfuil iargúlacht threolaíoch i gceist, i gcásanna easaontacht leasa agus i gcásanna ina n-éilíonn riachtanais an ionaid dlí é. Is iad na hatarnaetha bainistíochta a shocraíonn an ceart nó nach ceart an cás a láimhseáil laistigh den ionad dlí. Nuair a bhíonn an t-ionad dlí ag déanamh cinneadh i dtaca le cás a thabhairt ar láimh do chleachtóir príobháideach, bíonn aird aige ar an oibleagáid atá ar an mBord seirbhís chúnaimh dhlíthiúil a sholáthar don líon is mó daoine is féidir. Nuair a chinntear go bhfuil cás oiriúnach lena thabhairt do chleachtóir príobháideach, tugtar an rogha d'iarratasóirí dul go dtí aturnaí príobháideach dá rogha féin ó phainéal de chleachtóirí príobháideacha, sin nó a n-ainmneacha a chur leis an liosta feithimh ag an ionad dlí.

Sa bhliain 2001, eisíodh 1,174 teastas cúnaimh dhlíthiúil faoi Scéim Chleachtóirí Príobháideacha na Cúirte Dúiche, sin méadú de 27% ar líon na dteastas cúnaimh dhlíthiúil a eisíodh sa bhliain 2000.

I mí Iúil 2001, aistríodh aonad cleachtóirí príobháideacha an Bhoird i mBaile Átha Cliath ó Theach

Fhaiche Stiabhna go Teach Dolphin, áit a n-eisítear toghairmeacha ón gCúirt Dúiche, chuig mórchuid de cheantar mórchuid de cheantar Bhaile Áthar Cliath.

Déileálann an t-ionad le hiarratais ar chúnamh dlíthiúil chomh tapa agus is féidir, chun a chinntiú go dtugtar seirbhís ghasta éifeachtach do chliant. Déantar iarratasóirí a mheas agus, má mheastar iad a bheith incháilithe, tugtar teastas cúnamh dhlíthiúil dóibh. Ansin, cuirtear liosta ar fáil dóibh d'aturnaetha atá ar phainéal Cúirte Dúiche an Bhoird, agus as sin is féidir leo aturnaetha a roghnú le hionadaíocht a dhéanamh ar a son. Más féidir é, tugann ionad na gcleachtóirí príobháideacha seirbhís freisin do iarratasóirí, ar fhógra gearr, má bhíonn cásanna práinne i gceist.

An Chúirt Chuarda

I mí na Bealtaine 2001, thug an Bord isteach tionscadal píolótach bliana chun síneadh a chur le Scéim na gCleachtóirí Príobháideacha go cásanna áirithe sa Chúirt Chuarda, i.e. cásanna idirscartha bhreithiúnaigh agus colscartha. Chomh maith leis sin, tá an rogha ag cliant a ndearna cleachtóirí príobháideacha ionadaíocht dóibh sa Chúirt Dúiche, an t-aturnaetha céanna a roghnú má fhaigheann siad cúnaimh dlíthiúil le haghaidh achomharc go dtí an Chúirt Chuarda. Ba í an aidhm a bhí leis an tionscadal píolótach ná cuidiú le laghdú a dhéanamh ar na tréimhsí feithimh do sheirbhísí dlíthiúla do chliant na n-ionad dlí agus a chur ar chumas an Bhoird meastóireacht a dhéanamh ar an éifeacht atá le bealaí eile chun seirbhísí dlíthiúla a chur ar fáil.

Ghlac deich n-ionad dlí páirt sa scéim píolótach,



An tArd-Aighne, Michael McDowell, A.S., an Cathaoirleach Clare Connellan, Gerard Durcan, A.S., an Breitheamh Donal BArrington agus F.J. Brady, Stiúrthóir an Chúnamh Dhlíthiúil, ag Comhdháil an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil i Meitheamh 2001.

ceithre cinn acu i mBaile Áthar Cliath. Ó mhí na Bealtaine go dtí mí na Nollag 2001, eisíodh 257 teastas cúnamh dhlíthiúil i leith an tionscadail phíolótaigh; 124 i leith colscartha, 132 i leith idirscartha bhreithiúnaigh agus ceann i leith achomhairc ón gCúirt Dúiche. Taispeánann an laghdú substaintiúil a tháinig, idir mhí Aibreáin 2001 agus mhí na Nollag 2001, ar tréimhsí feithimh do choinne le dlíodóir in ionaid dlí an tionchar a bhí ag an tionscadal ar thréimhsí feithimh a laghdú ag ionaid dlí, i gCluain Dolcáin (ó sheacht mhí go dtí trí mhí), i bhFionnghlas (13 mí go dtí cúig mhí) agus i dTamhlacht (13 mí go dtí trí mhí), áiteanna a bhí i measc na n-ionad a bhí páirteach sa tionscadal píolótach.

Tá Grúpa Athbhreithnithe bunaithe ag an mBord le monatóireacht a dhéanamh ar an Tionscadal Píolótach. Déanfaidh an Grúpa Athbhreithnithe measúnú ar éifeacht an tionscadail phíolótaigh d'fhonn tuarascáil a chur i gcrích i rith na bliana 2002.

AN tSEIRBHÍS DLÍ DO DHÍDEANAITHE

Maoiniú agus foireann

Bhunaigh an Bord an tSeirbhís Dlí do Dhídeanaithe (RLS) i 1999 chun comhairle agus cúnaimh dlíthiúil a sholáthar ag gach céim den phróiseas tearmainn do dhaoine a bheadh ag déanamh iarratais ar thearmann in Éirinn. Chomh maith lena fhoireann féin, úsáideann an RLS cleachtóirí príobháideacha (abhcóidí agus aturnaetha araon) chun ionadaíocht a dhéanamh d'iarratasóirí tearmainn os comhair an Bhinse Achomharc Dídeanaithe.

Cuireadh méadú substaintiúil ar an maoiniú a fuair an RLS ón Státchiste sa bhliain 2001 – go dtí £8.1 milliún (€10.28 milliún) i gcomórtas le £1 milliún (€1.27 milliún) sa bhliain 2000. Cuireadh an maoiniú méadaithe sin ar fáil le cur ar chumas an Bhoird a dhualgais a chomhlíonadh nuair a leathnaíodh an tseirbhís sa bhliain 2001. Bhí caiteachas iarbhir an RLS sa bhliain 2001, £6.4 milliún (€8.18), faoi bhun an leithdháilte tosaigh, agus an chúis ba mhó leis sin ná an cinneadh a rinneadh go gcuirfí moill ar earcú an líon iomlán foirne a bhí ceadaithe agus ar cheannach cóiríochta, de bhrí go

raibh an leibhéal éilimh níos lú ná mar a ceapadh a bheadh i dtús báire.

Mar sin féin, tháinig forleathnú tapa ar líon na foirne san RLS – ón 30 a bhí ann i mí Eanáir 2001 go dtí 114 a bhí ann faoi dheireadh na bliana – sin céim mhór i dtreo an líon de 140 a bhí ceadaithe don tseirbhís. Chun freastal ar fhorleathnú a sheirbhíse, fuair agus chóirigh an Bord áitreabh nua i gceantar Mhargadh na Feirme i mBaile Átha Cliath sa bhliain 2001. Díreoidh na hoifigí nua i Margadh na Feirme ar sheirbhísí dhlíthiúla do dhídeanaithe a sholáthar do cheantar Bhaile Átha Cliath, agus coinneofar oifig bheag freisin in oifig an Choimisinéara Iarratais Dídeanaithe i dTeach Timberlay, Sráid an Mhóta, áit a gcláraítear cliant nua an RLS.

Seirbhísí dlíthiúla do iarratasóirí tearmainn atá scaipthe

Cuireann oifigí RLS i gCorcaigh agus i nGaillimh seirbhís ar fáil d'iarratasóirí tearmainn sna ceantair sin, agus i gcomhar le seirbhísí for-rochtana a mbíonn clinicí rialta acu i roinnt ionad san iarthar, san iardheisceart agus i lár tíre.

Chomh maith leis sin forbraíodh clár sa bhliain 2001 chun seirbhísí for-rochtana a chur ar fáil do Bhaile Átha Cliath agus na contaetha máguaird, agus an tseirbhís sin a chur i bhfeidhm sa bhliain 2002. Tig le hiarratasóirí tearmainn atá scaipthe lasmuigh de Bhaile Átha Cliath clárú freisin tríd an bpost chun seirbhísí dlíthiúla a fháil.

Seirbhísí eolais

Cuirtear comhairle ar gach duine a chuireann iarratas faoi bhráid an Choimisinéara Iarratais Dídeanaithe faoi na seirbhísí dlíthiúla atá ar fáil ón RLS. Cuireann an RLS eolas ar fáil freisin faoina chuid seirbhísí ar bhileoga eolais atá le fáil i roinnt teangacha éagsúla. Tá bileog agus póstaer nua eolais deartha anois agus scaipfead iad sin trí ghréasán seirbhísí rialtais agus neamhrialtais sa bhliain 2002.

Chomh maith leis sin, ghlac an RLS páirt i roinnt seimineár eolais i rith na bliana agus tugadh léiriú ar na seirbhísí a chuireann sé ar fáil do ghrúpaí



Niall Murphy, Maire Ní Cruadhlaoidh agus Linda Whelan ag Comhdháil an Bhoird um Chúnach Dlíthiúil i dTrá Lí.

éagsúla tacaíochta agus do ghrúpaí eile ar spéis leo an próiseas tearmainn. Ina theannta sin rinne an RLS teagmháil rialta leis na heagraíochtaí éagsúla rialtais agus neamhrialtais atá páirteach sa phróiseas tearmainn, chun go bhféadfaí plé a dhéanamh faoi cheisteanna ag éirí as gnéithe éagsúla den phróiseas, chun monatóireacht a dhéanamh, agus chun feabhas a chur go leanúnach ar an tseirbhís a chuireann sé ar fáil.

Labhair Amnesty International go fabhrach faoi neamhspleáchas, cothromas agus cáilíocht na seirbhíse a chuireann an RLS ar fáil, agus molann sé d'iarratasóirí tearmainn an tseirbhís a úsáid.

Coiste Neamhspleách Monatóireachta

Bunaíodh an Coiste Neamhspleách Monatóireachta den tSeirbhís Dlí do Dhídeanaithe nuair a cuireadh tús leis an tseirbhís sa bhliain 1999. Is iad na téarmaí tagartha atá aige sin ná "seirbhís dhlíthiúil den scoth a chur ar fáil d'iarratasóirí tearmainn de réir na socruithe a comhaontaíodh idir an Bord um Chúnach Dlíthiúil agus an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, agus gearáin ó chustaiméirí na seirbhíse a fhiosrú". Is é an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí a cheapann baill an choiste. Bíonn thart ar cheithre chruinniú sa bhliain ag an gcoiste. Freastalaíonn bainistíocht an RLS ar chuid de na cruinnithe sin chun eolas a thabhairt faoi imeachtaí, agus freisin chun freagraí a thabhairt ar fhiosruithe nó ar cheisteanna ó bhaill an Choiste.

Líon na n-iarratasóirí tearmainn a fuair seirbhísí dlíthiúla

Chláraigh 4,500 cliant nua leis an RLS sa bhliain 2001 – méadú de 32% ar an 3,400 a chláraigh sa



St. John Donovan agus Phil O'Laoide ag Comhdháil an Bhoird um Chúnach Dlíthiúil i dTrá Lí, i Meitheamh 2001.

bhliain 2000. Chuir an chuid is mó díobh sin a chláraigh – 60% – isteach ar chomhairle dhlíthiúil agus fuair siad sin ag an gcéad chéim den phróiseas (i.e. iarratas tearmainn), nó i leith cúrsaí inimirce (i.e. iarratas ar Chead Fanacht), agus fuair os cionn an tríú cuid díobh sin cúnamh dlíthiúil ag an gcéim achomhairc nó ag an gcéim ionnarbtha. Chláraigh an 40% eile de na cliaint nua do sheirbhísí dlíthiúla ag an gcéim achomhairc den phróiseas tearmainn, nó i ndiaidh dóibh ordú ionnarbtha a fháil. Meastar go dtiocfaidh tuilleadh méadaithe ar an méid cliant nua a bheidh ag clárú leis sna RLS sna blianta atá romhainn de bharr iad a bheith níos eolaí faoin tseirbhís agus de bharr na tábhachta atá le comhairle ghairmiúil dhlíthiúil a fháil ag an gcéim is luaithe is féidir den phróiseas.

Scéim na gCleachtóirí Príobháideacha

Chomh maith leis an tseirbhís foirne, leanann an Bord den úsáid a bhaineann siad as aturnaetha atá i gcleachtais príobháideacha (ó mhí Eanáir 2000) agus as abhcóidí (ó mhí an Mhárta 2001) le hachomhairc a dhéanamh ar son iarratasóirí tearmainn, a bhfuil cúnamh dlíthiúil le fáil acu, agus le hionadaíocht a dhéanamh thar a gceann os comhair an Bhinse Achomharc Dídeanaithe. Is é an RLS a shocraíonn an dáileadh a dhéantar ar na cásanna idir an painéal agus na haturnaetha atá ar tuarastal ag an mBord, ar bhonn líon na gcásanna ar láimh agus chumas dhlíodóirí an Bhoird féin déileáil leo.

Cuidíonn úsáid aturnaetha agus abhcóidí príobháideacha leis an mBord a chinntiú go mbíonn ar a chumas seirbhís a sholáthar do chliaint agus cuireann sé ar a chumas déileáil le cásanna chomh tapa agus is féidir, rud atá riachtanach i bhfianaise na

dteorainneacha dochta ama a bhíonn i gceist sna cásanna sin. Ag deireadh na bliana 2001, bhí 32 aturnaetha ar phainéal na gcleachtóirí príobháideacha, agus 213 ar phainéal na n-abhcóidí. Tarchuireadh os cionn 2,400 cás go dtí aturnaetha agus abhcóidí príobháideacha sa bhliain 2001, ar a raibh 760 cás a bhain le cliaint a chláraigh sna blianta 1999 agus 2000.

AN tIONAD DOICIMÉADAITHE DÍDEANAITHE

I mí Mheán Fómhair 2000, d'earcaigh an Bord um Chúnamh Dlíthiúil leabharlannaí le bheith freagrach as an Ionad Doiciméadaithe Dídeanaithe (RDC), a bhunaigh an UNHCR i dtús ama chun seirbhís neamhspleách leabharlainne agus taighde a chur ar fáil i dtaca leis an bpróiseas tearmainn.

I rith na bliana 2001, rinneadh socraithe chun forbairt shuntasach a dhéanamh ar Ionad toirbhirte Doiciméadaithe Dídeanaithe, a chuirfeadh fáil ar sheirbhís taighde agus leabharlainne a bheadh neamhspleách agus gairmiúil do na príomh-eagrais a bhfuil baint acu leis an bpróiseas tearmainn. I measc na n-eagrais sin tá an Binse Achomharc Dídeanaithe, Oifig an Choimisinéara Iarratais Dídeanaithe, An tSeirbhís Dlí do Dhídeanaithe agus aturnaetha agus abhcóidí príobháideacha a bheadh bainteach le haon cheann de na heagrais sin.

Is é an ról atá ag an RDC ná, sa chéad áit, forbairt agus cothabháil a dhéanamh ar bhailiúchán cuspóirí agus eolais reatha i dtaca le Eolas Thír Bhunús, mar aon le doiciméadú faoi thearmann, inimirce, cúrsaí dlíthiúil agus cearta daonna a mbeadh fáil ghinearálta orthu, agus, sa dara háit, seirbhís taighde agus ceistithe a sholáthar d'eagrais atá bainteach leis an bpróiseas tearmainn. Baineann an tseirbhís cheistithe le hábhar riachtanach a chur ar fáil, ar nós Eolas Thír Bhunús reatha (COI), chun aighneachtaí a ullmhú. Cuirtear an tseirbhís seo ar fáil don RLS mar aon leis an UNHCR, an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, an Coimisinéir Iarratais Dídeanaithe, an Binse Achomharc Dídeanaithe, an tAonad Cinnte Aireachta, an tAonad Athdhúichithe, aturnaetha agus abhcóidí príobháideacha atá ar phainéal an Bhoird, agus daoine/eagrais eile a bheadh bainteach le hobair dhídeanaithe.

D'fhreastail baill d'fhoireann an Ionaid Doiciméadaithe Dídeanaithe ar roinnt comhdhálacha agus seimineáir náisiúnta agus idirnáisiúnta ar a raibh Seimineáir faoi Eolas Thír Bhunús UNHCR/ACCORD, seimineáir Dlí um Stádas Dídeanaithe an Ollaimh Hathaway, seimineáir an ICEL ar Dhlí na nDídeanaithe, agus seimineáir UNHCR ar an Rómáin agus ar an Nigéir.

Chomh maith leis sin, tá teagmhálacha cothaithe ag an Ionad Doiciméadaithe Dídeanaithe le roinnt daoine agus eagraíochtaí sa bhaile agus i gcéin. Orthu sin tá Oifig Baile na Ríochta Aontaithe, Bord Inimirce agus Dídeanaithe Cheanada, an UNHCR, RRT na hAstráile, ACCORD, CEDOCA, Ambasáidí éagsúla, Comhairle Teifeach na hÉireann agus a lán eile, cuid acu a bhaineann leis an rialtas agus cuid eile nach mbaineann, mar aon leis an iomad leabharlanna agus ionaid eolais.

Bíonn páirtithe éagsúla ar suim leo an obair seo ag tabhairt cainteanna san Ionad. Samplaí díobh sin is ea an seisiún ceist agus freagra a thug grúpa gníomhaithe cearta daonna ó Phoblacht Dhaonlathach an Chongó agus cur i láthair a rinne Tionscadal Eolais na Cosaive ón Ionad Idirnáisiúnta do Fhorbairt Beartas Imirce (ICMPD).

Tar éis léiriú a thabhairt ar áiteanna a raibh sé deacair eolas a fháil fúthu, rinne an tIonad Doiciméadaithe Dídeanaithe socraithe le roinnt tuarascálacha a choimisiúnú. Cuireadh an chéad cheann díobh sin, faoi Choinníollacha Príosúin i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó, ar fáil trí láithreán Ghréasán na hEorpa um Eolas Thír Bhunús. Tá an dara tuarascáil coimisiúnaithe, faoi na Cincísigh sa Rómáin, le críochnú faoi dheireadh 2002.

Chuir an RDC oiliúint ar fáil faoi úsáid COI agus faoi úsáid an Ionaid do ghrúpaí éagsúla ón RLS, RAC, an tAonad Athdhúichithe agus RAT. Reachtáladh an oiliúint seo ar an láthair féin agus lasmuigh de, agus tá sé ar siúl go leanúnach.

CUNTAS COIMRITHE AR ROINNT CÁSANNA A FUAIR CÚNAMH DLÍTHIÚIL

Altramaithe

D'iarr lánúin phósta comhairle dhlíthiúil maidir le cinneadh a rinne Bord Sláinte díchlárú a dhéanamh orthu mar altramaithe.

Bhí na cliaint, ag a raibh leanbh dá gcuid féin, ag déanamh altraim chúram lae do bhord sláinte. Ina dhiaidh sin, d'altramaigh siad leanbh sé mhí d'aois a bhí fós leo tar éis seacht mbliana go leith agus an dara leanbh a bhí ceithre mhí d'aois agus a d'fhan leo ar feadh ceithre bliana go leith. Ní raibh aon teagmháil ag tuismitheoirí nádúrtha na leanaí altrama leis na leanaí féin. Ach, tharla imeachtaí fairsinge gangaideacha cúirte maidir le duine de na leanaí, ina raibh iarratas ar choimeád á dhéanamh ag duine den teaghlach forleathnaithe. Le linn na n-imeachtaí sin, thacaigh an Bord Sláinte leis na haltramaithe agus thug an bord fianaise a thug le fios gur chreid siad gurbh fhearr a dhéanfaí leas an linbh a bhí i gceist dá bhfágfaí leis na altramaithe é.

Bhí deacrachtaí áirithe pósta ag na altramaithe féin, áfach, ach réitíodh iad ina dhiaidh sin agus rinne na páirtithe athmhuintearas. D'iarr an Bord Sláinte eolas áirithe maidir leis na himeachtaí dlí teaghlach a tharla idir na altramaithe agus ansin chinn siad an lánúin a dhíchlárú mar altramaithe. Ní dhearna an Bord Sláinte ceachtar de na leanaí a mheasúnú ná a chur faoi agallamh sula ndearna an Bord Sláinte an cinneadh sin.

Cuireadh an cinneadh sin in iúl do na altramaithe agus dúradh leo go dtógfaí na leanaí faoi dháta áirithe. Mhothaigh na haltramaithe, áfach, go rabhthas ag cur "pionóis" orthu de bharr a ndeacrachtaí pósta.

Rinne na altramaithe teagmháil leis an ionad dlí ag lorg comhairle dhlíthiúil maidir le cinneadh an Bhoird Sláinte. Cuireadh in iúl don bhord sláinte go raibh na haltramaithe toilteanach cibé rud a theastaigh ón mBord Sláinte a dhéanamh chun go bhfanfaidís mar altramaithe ag na leanaí sin agus go raibh sé ar intinn acu achomhairc a dhéanamh

faoin gcinneadh iad a dhíchlarú mar thuismitheoirí altrama.

Ag leanúint ó na seirbhísí dlíthiúla a cuireadh ar fáil, chinn an Bord Sláinte gan dul ar aghaidh lena chinneadh an lánúin a dhíchlarú mar thuismitheoirí altrama.

Forfheidhmiú fiacha

Lorg duine seirbhísí dlíthiúla maidir le hiarratas ar fhorfheidhmiú fiacha a bhí uirthi.

Thóg an cliant iasacht amach nuair a bhí sí 18 bliana d'aois chun carr a cheannach, agus chun cáin agus árachas a chur ar an gcarr, faoi bhrú óna hathair. Thug sí an t-airgead sin dá hathair agus níor chuala sí a thuilleadh mar gheall air go dtí cúig bliana ina dhiaidh sin, nuair a fuair sí iarratas ar Ordú Tráthchoda agus toghairm le teacht os comhair cúirte. Faoin am sin, bhí sí ina cónaí i gcóiríocht dá cuid féin a bhí ar chíos aici, scoite ó thionchar a hathar atá ag cur isteach tréimhse phríosúnachta faoi láthair mar gheall ar chionta a rinne sé ina coinne.

D'aistrigh an t-athair ó sheoladh go seoladh go minic. Chónaigh a bhean chéile (máthair an chliant) leis ag na seoltaí sin agus de bhrí go raibh an chéad ainm céanna aici agus a bhí ag ár gcliant, d'éirigh leis an ngearánaí (institiúid airgeadais) rudaí a bhrú ar aghaidh i ngan fhios dár gcliant.

Tugadh cúnamh dlíthiúil don chliant chun imeachtaí forfheidhmithe a chosaint agus freisin chun imeachtaí a thionscnamh chun an chéad fhorraithe ina coinne a chur ar ceal, ar an mbonn go



An Cathaoirleach, Clare Connellan, agus an Príomhfheidhmeannach, Frank Goodman, ag Comhdháil an Bhoird um Chúnach Dlíthiúil i dTrá Lí, i Meitheamh 2001.

raibh míchumas (i.e. tionchar a hathar) á fhuilaint aici ag an am a ndearna sí an Conradh agus nach raibh inniúlacht chonraithe aici. Pléadh an scéal leis na dlíodóirí a bhí ag feidhmiú ar son na hinsti-tiúide airgeadais agus aontaíodh orduithe a dhéanamh ag cur na fhoraithe bunaidh ar ceal agus ag scríosadh amach na himeachtaí forfheidhmithe fiacha gan aon ordú maidir le costais.

Imeachtaí cúram leanaí

Tugadh cúnamh dlíthiúil do bheirt, fear céile agus bean chéile, chun imeachtaí cúram leanaí a chosaint sa Chúirt Dúiche i leith ochtar leanaí. I mí Feabhra 2000, tógadh an t-ochtar leanaí ó theach an teaghlaigh. Rinne Bord Sláinte iarratas ar Orduithe Práinne Cúraim i leith an ochtair leanaí agus tugadh na hOrduithe. Bhí dhá ionad dlí éagsúla ag feidhmiú ar son an fhir céile agus ar son na mná céile sna himeachtaí. Chomh maith leis sin, de bharr chastacht an cháis Cúirte Dúiche, údaraíodh agus fostaíodh seirbhísí abhcóide le feidhmiú ar son gach duine den dá pháirtí sna himeachtaí.

Bhí na himeachtaí fada agus mhair siad thar 120 lá sa Chúirt Dúiche. Le linn na n-imeachtaí sa Chúirt Dúiche, tugadh cúnamh dlíthiúil freisin don fhear céile chun imeachtaí athbhreithnithe breithiúnaigh a thionscnamh san Ardchúirt ar dhá ócáid ar leith ag agóid in aghaidh orduithe de chuid na Cúirte Dúiche.

Freisin, le linn na n-imeachtaí sa Chúirt Dúiche, tugadh cúnamh dlíthiúil don bhean chéile chun imeachtaí Habeas Corpus a thionscnamh san Ardchúirt ag agóid in aghaidh orduithe na Cúirte Dúiche go bhfágfaí cúigear de na leanaí faoi chúram, ar feitheamh le toradh an cháis sa Chúirt Dúiche.

I mí na Samhna 2000, d'éisigh an Bord litir ag cur in iúl go raibh sé ar intinn aige seirbhísí dlíthiúla don bhean chéile a fhoirceannadh de bhrí nár sholáthraigh sí teagasc dá haturnae agus dá habhcóide, agus nach raibh sí ag freastal ar éisteachtaí cúirte.

Thug an bhean chéile go leor cúiseanna nár fhreas-tail sí ar an gcúirt agus gheall sí go nglacfadh sí le

cibé téarmaí agus coinníollacha a shocródh an Bord, mura ndéanfaí a teastas cúnamh dhlíthiúil a fhoirceannadh. Mar thoradh ar sin, chinn an Bord gan dul ar aghaidh le foirceannadh a teastas cúnamh dhlíthiúil, ar choinníoll go gcomhoibreodh sí lena cuid comhairleoirí dlíthiúla agus go mbeadh sí sa chúirt nuair ba ghá di é sin a dhéanamh.

Ina dhiaidh sin, bhí an fear céile agus an bhean chéile as láthair go leanúnach ó éisteachtaí cúirte agus níor sholáthraigh siad teagasc dá gcomhairleoirí dlíthiúla. Eisíodh litreacha chuig an dá pháirtí ansin ag rá go raibh sé ar intinn ag an mBord a gcuid teastas cúnamh dhlíthiúil a fhoirceannadh i mí an Mhárta 2001. Foirceannadh an dá theastas cúnamh dhlíthiúil i mí Aibreáin 2001.

I mí Dheireadh Fómhair 2001, rinne an Chúirt Dúiche orduithe cúraim i leith na leanaí.

Rinne an fear céile agus an bhean chéile iarratas ar chúnamh dlíthiúil ansin chun achomharc a dhéanamh in aghaidh orduithe na Cúirte Dúiche sa Chúirt Chuarda. Diúltaíodh na hiarratais i dtosach ach chinn Coiste Achomhairc an Bhoird cúnamh dlíthiúil a cheadú, ar choinníoll go gcloífeadh siad go docht leis na coinníollacha a bhí lena dteastas cúnamh dhlíthiúil ag ordú dóibh comhoibriú lena gcuid comhairleoirí dlíthiúla agus freastal ar an gcúirt gach uair ba ghá é sin a dhéanamh. Ceapadh aturnaetha agus abhcóidí difriúla ansin le feidhmiú ar son na gcliant.

Le linn na n-imeachtaí sa Chúirt Chuarda, rinne na páirtithe dhá iarratas ar chúnamh dlíthiúil chun achomharc a dhéanamh ar dhá bhreith de chuid na Cúirte Cuarda, mar a bhí:

- (i) Diúltú atráth eile a cheadú, agus
- (ii) Imeachtaí díspeagtha sibhialta a chosaint.

Diúltaíodh don chéad iarratas ar an mbonn go raibh na foirne dlíthiúla réidh le dul ar aghaidh leis an gcás. Diúltaíodh don dara hiarratas ar an mbonn gur bhris an t-iarratasóir orduithe cúirte in ainneoin gur comhairlíodh don iarratasóir cloí le horduithe cúirte agus go raibh an t-iarratasóir eolach ar na hiarmhairtí. Chimigh an Breitheamh Cúirte Cuarda an fear céile agus an bhean chéile ar feadh ceithre mhí agus mí amháin, faoi seach, nuair a chinn sé go raibh siad ciontach i ndíspea-

gadh cúirte.

Bhí an Breitheamh sásta go raibh fianaise áititheach os a chomhair lena chonclúidiú go raibh gach duine den na leanaí i bpríacal, dá bhfanadh aon duine acu faoi chúram láithreach cheachtar tuismitheoir nó faoina gcúram ar aon. D'ordaigh an Chúirt Chuarda na leanaí a ghlacadh i gcúram an Bhoird Sláinte go mbeadh 18 bliain d'aois slánaithe acu. Threoraigh an Breitheamh freisin nach mbeadh aon teagmháil idir cheachtar de na tuismitheoirí agus na leanaí ar feadh roinnt míonna.

Imeachtaí fuadach linbh

Thionscain athair bheirt leanaí an cás seo faoi Choinbhinsiún na Háige ar na Gnéithe Sibhialta d'Fhuadach Idirnáisiúnta Linbh, a cuimsíodh i ndlí na hÉireann faoin Acht um Fhuadach Leanaí agus Forghníomhú Orduithe Coimeáda, 1991. Tá sé mar aidhm ag an gCoinbhinsiún éascú a dhéanamh ar leanaí a thabhairt ar ais go tapa go dtí an dlínse ónar aistríodh go héagórach iad, nó nach rabhtas á dtabhairt ar ais chuici, mar gheall ar choinneáil éagórach.

An gearánaí (an t-athair) agus an cosantóir (an mháthair) a bhí sna himeachtaí Ardchúirte, bhí siad pósta agus bhí beirt leanaí acu. I mí Dheireadh Fómhair 1999, fuair an mháthair ordú urchoisc in aghaidh an athar ach ina dhiaidh sin rinne na páirtithe athmhuintearas agus bhog siad go Sasana i mí na Nollag 1999. Ar an 1 Meán Fómhair 2001, d'ionsaigh an t-athair an mháthair agus cuireadh cóir leighis uirthi dá gortaithe in ospidéal. An lá dár gcionn, thug an mháthair na leanaí ar ais go hÉirinn gan an t-athair a bheith ar an eolas faoi. Tar éis don mháthair imeacht go hÉirinn, fuair an t-athair nóta a sheol an mháthair chuige ag cur in iúl dó gur thóg sí na leanaí go hÉirinn agus nár cheart dó aon iarracht a dhéanamh í a fháil.

Thionscain an t-athair imeachtaí faoi Choinbhinsiún na Háige agus tugadh cúnamh dlíthiúil don dá pháirtí.

Mhaígh an mháthair gur in Éirinn a bhí gnátháit chónaithe ar na leanaí, mar go mba náisiúnaigh Éireannacha iad agus gur chónaigh siad in Éirinn ón dáta a rugadh iad go dtí mí na Nollag 1999;

mhaigh an t-athair gur i Sasana a bhí gnáthchónaí ar na leanaí.

Rialaigh an Ardchúirt gurbh ionann "gnátháit chónaithe" agus "cónaí de ghnáth" agus gurb é sin an áit ina mbíonn cónaí ar dhuine. Rialáiodh, dá bhrí sin, gur i Sasana a bhí gnátháit chónaithe ar na leanaí, go raibh freagracht tuismíochta do na leanaí dílsithe san athair agus sa mháthair araon, agus go raibh aistriú na leanaí ag an mháthair contrártha do Airteagal 3 de Choinbhinsiún na Háige.

Thug an Breitheamh le fios go mbeadh air a ordú go dtabharfaí na leanaí ar ais go Sasana, mura mbeadh sé sásta go raibh riosca tromchúiseach ann dá dtabharfaí duine nó duine eile de na leanaí ar ais go Sasana go gcuirfí an leanbh i mbaol díobhála go fisiciúil nó go síceolaíoch, nó i slite eile go gcuirfí an leanbh i gcás dofhulaingthe, mar a foráiltear faoi Airteagal 13 de Choinbhinsiún na Háige.

Ba chúis imní don Bhreitheamh gur frítheadh in Éirinn go raibh uathachas trom á fhulaingt ag duine de na leanaí agus cuireadh na himeachtaí ar atráth lena dheimhniú cad iad na háiseanna a bheadh ar fáil i Sasana le déileáil le fadhbanna an linbh uathaigh agus cén chomparáid a bheadh idir iad agus na háiseanna in Éirinn. Idir an dá linn, fuair an leanbh socrúchán i scoil speisialta do leanaí uathacha in Éirinn.

Fuair an Ardchúirt tuarascálacha ó shaineolaithe leighis in Éirinn agus ó shaineolaithe leighis i Sasana a d'aontaigh dá ndéanfaí aon chur isteach ar chlár an linbh uathaigh in Éirinn go mbeadh tionchar aimhleasach aige ar a fhorás. Thug an saineolaí Sasanach le fios, áfach, go bhféadfaí aon talamh a chaillfí a fháil ar ais laistigh de bhliain.

Bhí an breitheamh den tuairim gur tréimhse fada go maith é bliain do bhuachaill sé bliana d'aois agus dúirt sé dá dtabharfaí an leanbh ar ais go Sasana, nach mbeadh cúram faoisimh le fáil go héasca dó, agus go bhféadfadh sé bheith tréimhse fada, dá dtarlódh sé ar chor ar bith, sula mbeadh áiseanna oideachais aige a bheadh inchurtha leis an socrúchán a fuair sé i scoil Éireannach.

Dhiúltaigh an Breitheamh Ardchúrte a ordú go dtabharfaí na leanaí ar ais, ar an mbonn go raibh sé

sásta go mbeadh riosca tromchúiseach ann dá dtabharfaí an leanbh uathach ar ais go gcuirfí an leanbh i mbaol díobhála go fisiciúil nó go síceolaíoch, nó i slite eile go gcuirfí an leanbh i gcás dofhulaingthe.

Tá an cás faoi achomharc go dtí an Chúirt Uachtarach.

Imeachtaí faillí ghairme

Tugadh cúnamh dlíthiúil do dhuine chun imeachtaí faillí ghairme a thionscnamh san Ardchúirt in aghaidh aturnae.

Bhí an duine a fuair cúnamh dlíthiúil ina comhúinéir ar theach an teaghlaigh lena fear céile. Sa bhliain 1988 tionscnaíodh imeachtaí i gcoinne an fhir chéile ag iarraidh aisíoc ar airgead substaintiúil a thug beirt eile dhó, a líomhnaíodh. Ina dhiaidh sin, d'fhostaigh an fear céile seirbhísí aturnae (an cosantóir) agus shínigh cliant an Bhoird doiciméidí le muirear a fhorghníomhú ar an maoin, agus as sin tháinig díol theach an teaghlaigh níos déanaí. Mhaigh an cliant ina dhiaidh sin nach bhfuair sí cúnamh dlíthiúil ceart maidir leis an éifeacht a bheadh ag síniú na ndoiciméidí ar a leas i dteach an teaghlaigh.

D'éiligh an cliant damáistí in aghaidh an chosantóra, as sárú comhaontaithe, sárú dualgais agus loiceadh seirbhísí gairmiúla a sholáthar. San Ardchúirt aighníodh ar son an chliant go raibh sé de ghnáthdualgas ar an gcosantóir, mar atá dlíte ó aturnae, comhairle cheart a thabhairt don chliant, agus go mba cheart go mbeadh comhairle curtha uirthi ag an gcosantóir faoi na himpleachtaí a bhain le haontú leis an muirear.

Ardaíodh freisin an tionchar míchuí a ghlactar leis a bhí a fear céile uirthi agus aighníodh gur cheart go mbeadh an cosantóir tar éis a chinntiú go bhfaigheadh sí comhairle ó dhuine cáilithe neamhspleách

Rinne an cosantóir argóint, i measc rudaí eile, nár ghlac sé leis an gearánaí mar chliant nó go raibh sé soiléir go raibh an cinneadh déanta aici cheana féin tacú lena fear céile agus gurb é an oibleagáid a bhí air féin ina leith ná cúnamh dlíthiúil éifeachtach a

chur ar fáil di chun an t-idirbheart a chríochnú agus comhairle a chur uirthi faoi nádúr agus éifeacht na ndoiciméad a bhí á síniú aici.

Thug an Ardchúirt le fios gur ardaigh an cás fadhb an-deacair, is é sin, cad é dualgas aturnae i leith cliant sna imthoscaí áirithe a d'eascair sa chás. I dtaca leis seo, chuaigh fianaise a thug saineolaí tíolactha le linn na n-imeachtaí i bhfeidhm ar an mBreitheamh Ardchúirte, go háirithe maidir leis an gceist easaontacht leasa. Bhí an saineolaí tíolactha den tuairim, sa chás nach raibh aon deacrachtaí pósta idir an gearánaí agus a fear céile, nach bhfaca sé aon deacracht le comhairle a chur orthu le chéile agus na roghanna ar fad a phlé leo. Bhí an breitheamh Ardchúirte den tuairim, murar theagasc an fear céile an cosantóir gan a cuid roghanna a phlé leis an mbean céile nó comhairle a chur uirthi fúthu, nár cheart go mbeadh aon chúis mhaith ann nach ndéanfadh sé é.

Rialaigh an Ardchúirt go raibh an cosantóir mícheart nuair a shiarchoinnigh sé comhairle ón ngearánaí, ina haonar nó i gcomhpháirt lena fear céile, agus nach raibh a iompar ar an gcaighdeán a mbeifí ag súil leis ó aturnae. Cinneadh go raibh iompar an aturnae faillíoch san ábhar agus cinneadh freisin go raibh sé ciontach i mbriseadh conartha.

Bhí an breitheamh den tuairim, áfach, in imthosca an cháis, gur beag an baol a bhí ann go bhféadfadh an gearánaí an fear céile i bpríacal príosúnachta. Bhí an breitheamh sásta, ar chothrom na dóchúlachta, fiú amháin dá gcomhairleodh an cosantóir i gceart í, fós go roghnódh sí tacú lena fear céile trína leathscar féin i dteach an teaghlaigh a chur ar fáil chun éileamh na bhféichiúnaithe a shásamh.

Rialaigh an Breitheamh nár fhulaing an gearánaí aon chailteanas de thoradh na faillí agus bhriseadh an chonartha ó thaobh an chosantóra agus d'ordaigh sé gur cheart go dteipfeadh ar chaingean an ghearánaí le haghaidh damáistí.



Frank Murphy, Aturnae Bainistíochta Ionad Dlí Chill Mhantáin ag labairt ag Comhdháil an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil i dTrá Lí.

Imeachtaí in aghaidh an Bhoird: Elizabeth Kavanagh v. An Bord um Chúnamh Dlíthiúil

Thionscain Ms. Kavanagh imeachtaí in aghaidh an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil mar gheall ar mhoil i seachadadh seirbhísí dlíthiúla.

Rinne an t-iarratasóir iarratas ar chúnamh dlíthiúil i dtaca le hidirscaradh bhreithiúnach i mí Mheán Fómhair 1997. I mí na Bealtaine 1999 próiseáladh a hiarratas agus glacadh leis. Idir an dá linn, i mí Dheireadh Fómhair 1997 tugadh cúnamh dlíthiúil di i dtaca le hábhar eile ina raibh gá le seirbhís tosaíochta. Ó mhí Iúil 1999 go dtí mí Aibreáin 2000 mhaígh an t-iarratasóir nach bhfuair sí ach aon litir amháin ón mBord (an freagróir). Ina dhiaidh sin fuair an t-iarratasóir idirscaradh breithiúnach agus ordú urchoisc agus úsáid á bhaint aici as seirbhísí an Bhoird.

Loirg an t-iarratasóir faoisimh éagsúla ina hathbhreithniú breithiúnach, bhí a bhformhór inphléite faoi am na héisteachta. Chuimsigh a caingean éileamh ar dhamáistí mar gheall ar shárú dualgais reachtúil. Rinne an Bord argóint go raibh an pháirt oibritheach dá dhualgas ag braith ar acmhainní, acmhainní airgeadais agus eile. Mhaígh an t-iarratasóir go raibh sí i dteideal cúnamh dlíthiúil má shásaigh sí na critéir reachtúla, gan aon choinnioll maidir le hacmhainní an Bhoird.

De réir Alt 5 den Acht um Chúnamh Dlíthiúil Sibhialta 1995 is í príomhfhéidhm an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil: "cúnamh agus comhairle dlíthiúil i gcásanna sibhialta a sholáthar, laistigh d'acmhainní an Bhoird agus faoi réir fhorálacha eile

an Achta seo, do dhaoine a shásaíonn ceanglais an Achta seo."

Rialaigh an Ardchúirt (Butler J.), agus í ag díbheadh an éilimh, go raibh an chaint in alt 5(1) de Acht 1995 soiléir agus follasach agus nár ghá aon léirmhíniú speisialta uirthi. Chiallaigh na focail go simplí go gcuirfí cúnaimh dlíthiúil ar fáil laistigh d'acmhainní an fhreagróra agus b'shin a rinne an freagróir sa chás seo. Bhí modh ag an bhfreagróir le déileáil le cásanna in ord áirithe tosaíochta agus laistigh den scéim sin déileáladh leis an iarratasóir ar bhonn comhionann le gach iarratasóir eile.

Tá an cás faoi achomharc go dtí an Chúirt Uachtarach.

CÁSANNA SA tSEIRBHÍS DLÍ DO DHÍDEANAITHE

Iarratasóir Tearmainn ó Iarthar na hAfraice

Bhí an náisiúnach seo as tíre in Iarthar na hAfraice ina mhinistir Críostaí ina thír dhúchais sular theith sé aisti i 1999.

Rinne sé iarratas ar stádas dídeanaí, mhaígh sé raibh eagla géarleanúna air nuair a tugadh Dlí Sharia isteach ina réigiún, thóg an pobal Moslamach círéib agus dhóigh siad tithe agus séipéil, a shéipéal féin ina measc, áit ar maraíodh daoine. D'fhág sé an tír ina dhiaidh sin agus lorg sé tearmann in Éirinn.

Mheas an Coimisinéir Iarratais Dídeanaithe go mba léir go raibh iarratas an chliant gan bunús agus tugadh cúnaimh dlíthiúil dó chun achomharc a dhéanamh ar an gcinneadh sin. Chuir an RLS doiciméadú maidir lena thír bhunús faoi bhráid an Bhinse Achomharc Dídeanaithe agus bhí ion-adaíocht dhlíthiúil aige ag éisteacht an bhinse.

Dhearbhaigh an Binse cinneadh an Choimisinéara, ag lua mar chúiseanna inchreidteacht an chliant, a easpa eolais faoi fheidhmiú an Dlí Sharia agus nár ghlac sé leis an rogha athlonnú i réigiún eile ina thír féin áit a mbeadh sé slán ó bhaol géarleanúna.

Iarratasóir Tearmainn ón Meánoirthear

D'éiligh náisiúnach as tíre sa Mheánoirthear a bhí ina chónaí i dtír eile sa Mheánoirthear stádas dídeanaí ar bhonn a bhallraíochta in eagraíocht pholaitiúil agus ar bhonn idirdhealaithe ar chúiseanna eitneacha ina thír uchtaithe.

D'aighnigh an cliant gur buaileadh agus gur céasadh go leanúnach é, le linn dó a bheith faoi choinneáil sna 1970aí agus 1980aí, rud a d'fhág le drochfhearba é, a chos a bheith briste ina lán áiteanna agus a lán fiacla a bheith caillte aige.

Sholáthraigh an RLS tuairiscí leighis ag cur bunúis leis an éileamh sin. Chomh maith leis sin, cuireadh tuairiscí thír bhunús ar fáil a thaispeáin go raibh baill dá eagraíocht, agus go deimhin comhnáisiúnaigh dá chuid, á ngabháil gan barántas agus á gcur i bpríosún gan triail, agus go raibh bualadh agus céasadh cimí coitianta.

Ghlac an Coimisinéir Iarratais Dídeanaithe lena iarratas ag an gcéad chéim.

Iarratasóir tearmainn ó Iarthar na hAfraice

Tháinig an náisiúnach seo as tíre in Iarthar na hAfraice go hÉirinn in aois 17 mbliana agus d'éiligh sé tearmann ar an mbonn go raibh eagla géarleanúna air de thoradh an taithí díreach pearsanta bhí aige ar na heachtraí corraitheacha polaitiúla agus míleata ina thír dhúchais.

D'aighnigh an cliant gur maraíodh a athair agus é faoi choinneáil agus gur fhulaing sé féin céasadh. Dhearbhaigh sé go mbeadh an rud chéanna i ndán dó féin dá bhfillfeadh sé. Chuir an RLS eolas thír bhunús ar fáil don Choimisinéir Iarratais Dídeanaithe, a thug tacaíocht don scéal go raibh coinníollacha príosúin sa tír sin thar a bheith go dona agus ina mbaol beatha.

Dhiúltaigh an Coimisinéir Iarratais Dídeanaithe stádas dídeanaí don chliant ar bhonn easpa inchreidteachta agus tugadh cúnaimh dlíthiúil chun achomharc a dhéanamh ar an gcinneadh sin.

Dhearbhaigh an Binse Achomharc Dídeanaithe cin-

neadh an Choimisinéara agus dhiúltaigh sé a fhógairt gur dídeanaí a bhí san achomharcóir. Ba í an phríomhchúis a bhí leis an gcinneadh sin ná ceist inchreidteacht an achomharcóra.

Iarratasóir tearmainn ón Meánoirthear

Rinne an mionaoiseach, 16 bliain d'aois, ón Meánoirthear iarratas ar stádas dídeanaí ar an mbonn go raibh baint aige le heagras coiscthe ina thír féin a bhí cáinteach ar an rialtas ansin.

Fuair an t-iarratasóir seirbhísí dlíthiúla ón RLS mar ullmhúchán dá agallamh leis an gCoimisinéir Iarratais Dídeanaithe agus bhí oibrí cáis ag freastal air le linn an agallaimh.

Bhí deartháir an iarratasóra ina údar ar a lán foilseachán frithrialtais agus, mar thoradh ar sin, maíodh gur gabhadh agus gur céasadh é roinnt uaireanta. D'oibrigh an cliant i siopa leabhar inar díoladh na foilseacháin seo "faoi gcuntar" agus coinníodh agus ceistíodh é ag amana éagsúla. Cuireadh doiciméadú faoi bhráid an Choimisinéara Iarratais Dídeanaithe, ag tacú lena mhaíomh go mbeadh géarleanúint i ndán dó dá gcuirfí ar ais go dtí na thír dhúchais é.

Ghlac an Coimisinéir Iarratais Dídeanaithe leis go raibh bunús maith leis an eagla géarleanúna a bhí ar an gcliant agus bronnadh stádas dídeanaí air ag an gcéad chéim.

Cásanna inar loirg an RLS imeachtaí Athbhreithnithe Breithiúnaigh

Bhí teora le líon na gcásanna inar lorgaíodh athbhreithniú breithiúnach, agus a shroich éisteacht iomlán sa bhliain 2001. Cuid den chúis atá leis seo, gur aontaíodh socraíocht i roinnt cásanna tar éis don RLS imeachtaí a thionscnamh, ach sular tháinig an cheist go dtí éisteacht Ardchúirte. Tá an dá chás seo a leanas ionadaíoch ar na cásanna a tógadh sa bhliain 2001

Imeachtaí Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh i gCás Tearmainn Leanaí a Rugadh in Éirinn

Tugadh cúnaimh dlíthiúil do theaghlach Seiceach agus do athair Nigéireach chun imeachtaí Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh a thionscnamh ag agóid in aghaidh orduithe ionnarbtha a rinne an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí. Ba é an chúis a bhí leis an agóid in aghaidh na n-orduithe ná go raibh leanbh a rugadh in Éirinn ag gach ceann den dá pháirtí. D'aignigh An tSeirbhís Dlí do Dhídeanaithe (RLS) ar son na gcliant go raibh an phríomhargóint ar son na n-orduithe ionnarbtha a chur ar ceal bunaithe ar chearta bunreachtúla an linbh a rugadh in Éirinn (agus éagsúil ó chúinsí tearmainn), cearta a bhí curtha in iúl ag an gCúirt Uachtarach i gcás Fajujonu. Áiríodh i measc na gcearta sin an ceart cónaí in Éirinn, an ceart do theaghlach aontaithe agus an ceart do shaor-oideachas bunscoile, cearta atá cosanta ag Airteagail 2, 40, 41 agus 42 den Bhunreacht. Rinne an RLS argóint freisin, dá gceadófaí ionnarbadh thuismitheoirí na leanaí a rugadh in Éirinn, go ndéanfaí ionnarbadh de facto ar na leanaí a rugadh in Éirinn, nó go bhfágfaí faoi chúram in Éirinn iad, agus nach mbeadh ceachtar díobh seo ar an tslí ab fhearr le freastal ar leas an linbh. Aighníodh freisin nach raibh aon imthoscaí eisceachtúla ná ceisteanna bheartais phoiblí faoina mbeadh sé riachtanach na teaghlach seo a ionnarbadh.

Aighníodh ar son an Stáit go bhféadfaí cás Fajujonu a imdhealú, os rud é go raibh triúr leanaí Éireannacha acu agus go raibh siad ina gcónaí in Éirinn ar feadh tréimhse réasúnta ama, agus dá bhrí sin go raibh ceangal bunaithe acu leis an Stát. D'aignigh an Stát freisin go gcaithfí ionracas an phróiseas tearmainn a chosaint.

D'aontaigh an Ardchúirt leis an Stát agus chinn sí gur chuir an tAire cearta bunreachtúla an linbh san áireamh agus nach raibh na cearta seo iomlán ach go raibh siad faoi réir ag leas an phobail. Rialaigh an Ardchúirt freisin gurb é an Stát caomhnóir leas an phobail agus go raibh rialú eachtrannach san áireamh i leas an phobail. Dúirt an Breitheamh "nach amháin go raibh feidhmiú choinbhinsiún Bhaile Átha Cliath agus an riachtanas dosháraithe go

gcaomhnófaí meas ar ionracas an chórais tearmainn agus inimirce, tromchúiseach agus substaintiúil, ach freisin go raibh siad ardcheannasach agus uileghabhálach mar chúiseanna". Chinn sé go raibh "difríocht agus imdhealú chomh mór idir na firicí sa chás láithreach agus na firicí i gcás Fajjonu nach dtagaim go dtí an chonclúid go mbeadh sé neamhréireach leis an mBunrecht iadsan a bhfuil orduithe ionnarbtha déanta ina leith a dhíbirt."

Tá an cás faoi achomharc go dtí an Chúirt Uachtarach anois.

ACMHAINNÍ DAONNA

Leibhéil Foirne

Ar 1 Eanáir 2001, bhí an líon iomlán foirne a ceadaíodh don Bhord um Chúnamh Dlíthiúil cothrom le 410, ar a raibh iomlán 140 ball foirne a ceadaíodh don tSeirbhís Dlí do Dhídeanaithe. I rith na bliana 2001 reachtáladh feachtas mór earcaíochta, faoinar tionóladh roinnt comórtas earcaíochta d'aturnaetha, d'fhoireann pharaidhlíthiúil agus d'fhoireann riaracháin, chun go líonfaí breis agus 100 de na poist a údaraíodh don tSeirbhís Dlí do Dídeanaithe sa bhliain 2000.

I rith na bliana 2001, bhí an Bord sásta go bhfac-thas maolú ar na deacrachtaí earcaíochta ag leibhéil riaracháin agus aturnaetha a bhí acu sna blianta roimhe sin. Cé go bhféadfadh gur tharla cuid den dul chun cinn sin de bharr athruithe ar choinníollacha sa mhargadh saothair, ba mhaith leis an mBord a admháil freisin go raibh dea-thionchar ag tionscnaimh de chuid Choimisinéirí na Státseirbhíse lena gcuid próiseas earcaíochta a bhrostú agus ag rannóg idirchaidrimh chustaiméirí na gCoimisinéirí a thug cúnamh lena chinntiú go dtabharfaí freagra luath ar riachtanais earcaíochta státseirbhíse an Bhoird.

Clár Oiliúna

Sa bhliain 2001, chinn an Bord clár cuimsitheach forbartha bainistíochta d'aturnaetha bainistíochta agus don fhoireann sinsearach riaracháin a chur ar fáil.

Bhí an clár curtha in oiriúint go sonrach do riach-

tanais fhoireann shinsearach bhainistíochta an Bhoird. Mar chuid den ullmhúchán don chlár eisíodh mioncheistiúcháin do 168 ball den fhoireann (thart ar 40% d'fhoireann an Bhoird) chun eolas a fháil ar aeráid eagraíochtúil an Bhoird agus ar stíleanna bainistíochta aturnaetha bainistíochta agus fhoireann shinsearach bhainistíochta an Bhoird. Bhí na ceistiúcháin dírithe freisin ar a fháil amach conas ar airigh an fhoireann faoin mbearna idir an bealach ina bhfeidhmíonn an eagraíocht faoi láthair agus mar a d'fheidhmeodh sí i staid idéalach. Thaispeáin anailís ar na freagraí gur airigh an fhoireann go raibh bearnaí suntasacha i réimsí cosúil le cúrsaí caighdeáin, soiléireachta agus aitheantais sa Bhord. Ag eascairt as an anailís ar na freagraí, seachadadh an chéad chéim den chlár forbartha bainistíochta roimh deireadh na bliana 2001. Mar chuid den chlár cuireadh aiseolas chuig gach duine a bhí páirteach faoin a gcuid stíleanna bainistíochta aonair agus a gcuid oiliúnaithe aon le haon agus an dóigh a rachadh feabhsúcháin ar fheidhmíúchán bainistíochta i gcion ar a bhfoireann agus ar éifeacht a n-ionaid oibre.

Beartaíodh tuilleadh oibre don bhliain 2002 chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna a d'ardaigh an fhoireann ag éirí as na ceistiúcháin agus chun fuil-leach na hoiliúna a sholáthar.

Comhionannas Deise

Mar atá luaite i Ráiteas Comhionannais an Bhoird is Fostóir Comhionannais Deise é an Bord. Breithnítear go hiomlán agus go cothrom gach iarratasóir ar fhostaíocht, ag tabhairt aird chuí ar infheidhmeacht agus ar ábaltacht an iarratasóra agus ar na riachtanais agus na critéir incheap-thachta don phost. Caitear le gach duine ar théarmaí comhionanna maidir le forbairt ghairme, ardú céime agus oiliúint. Feidhmíonn an Bord laistigh de théarmaí an Achta um Chomhionannas Fostaíochta, 1998. Tá oifigeach i Rannóg Acmhainní Daonna an Bhoird ceaptha mar Oifigeach Comhionannais an Bhoird.

Sláinte agus Sábháilteacht

I rith na bliana lean an Bord lena dhearcadh dearfach gníomhach i leith a bheartais Sláinte agus Sábháilteachta agus i leith a chuid oibleagáidí faoin

Acht um Shábháilteachta, Sláinte agus Leas ag Obair, 1989. Go háirithe, leanadh ar aghaidh leis an Clár Feabhsúcháin Slándála in áitreabh an Bhoird in 2001, clár a tosaíodh sa bhliain 1999.

Leanfaidh an Bord ag cinntiú go mbeidh an fhoireann ar fad ag obair i dtimpeallacht atá slán agus sábháilte.

CLÁR BAINISTÍOCHTA ATHRUITHE

Tá roinnt beartas sonracha sa Chlár Rathúnais agus Cothromaíochta (PPF) chun a chinntiú gur féidir le heagraíochtaí aonair na cuspoirí leathana atá i gclár athnuachana na státseirbhíse a bhaint amach. Clúdaíonn na beartais seo solúbthacht eagraíochtúil, dearbhú cáilíochta, bainistiú feidhmiúcháin, tuilleadh forbartha ar struchtúir chomhpháirtíochta agus díriú isteach in athuair ar straitéisí bainistíochta na n-acmhainní daonna.

I rith na bliana 2001, lean an Bord air le tionscnaimh, faoina chlár leanúnach bainistíochta athruithe, chun a chinntiú gur féidir na feabhsúcháin atá ag teastáil thar thréimhse saoil an PPF a bhaint amach. Tá mionolas faoi dhul chun cinn i gcuid de na réimsí ábharthacha le fáil thíos.

Solúbthacht eagraíochtúil

Chuaigh an Bord i mbun dhá thionscnamh sa réimse seo, mar atá:

- scrúdú a dhéanamh ar struchtúr bainistíochta reatha an Bhoird agus ar na socrúithe foirne sna hionaid dlí; agus
- athbhreithniú a dhéanamh ar na nithe a bhaineann le rochtain ar chúnamh dlíthiúil, na socrúithe seirbhíse dlíthiúla a chur ar fáil san áireamh mar aon leis na córais agus na struchtúir trína gcuirtear cúnaimh dlíthiúil ar fáil.

Tá sé beartaithe go ndéanfar dul chun cinn suntasach san dá ábhar seo i rith 2002 agus 2003.

Dearbhú Cáilíochta

Bíonn an Bord i gcónaí ag iarraidh feabhas a chur ar cháilíocht na seirbhíse a chuirtear ar fáil dá chustaiméirí agus chuaigh sé i mbun roinnt tionscnamh sa bhliain 2001, ina measc:

- seoladh a Phlean Cúram Custaiméirí 2001-2004 ag comhdháil a reachtáladh ar ócáid cheiliúrtha 21 bliain a bheith slánaithe ag an mBord. Leagann an Plean síos na caighdeáin i dtaca le cúraim seirbhíse ar féidir le custaiméirí (foireann an Bhoird san áireamh) a bheith ag súil leo agus iad ag plé leis an mBord;
- forbairt treoirlínte don "chleachtais is fearr" d'fhonn feabhas a chur ar cháilíocht na seirbhíse dlíthiúla a chuireann an Bord ar fáil; agus
- meicníochtaí aiseolais ó chustaiméirí a fhorbairt, nithe atá pléite faoin gcéad cheanniteideal eile.

Suirbhé Cliant

Sa bhliain 2001 reachtáil an Bord tionscadal píolótach le suirbhé a dhéanamh ar chliant faoina ndearcadh ar sheirbhís an Bhoird um Chúram Dlíthiúil. Céim thábhachtach a bhí anseo chun go mbeadh cliant páirteach i bhfeabhsú na seirbhíse. Dáileadh cúig cheistiúchán déag ar gach aturnaí i 30 ionad dlí de chuid an Bhoird. Cuireadh na ceistiúcháin chomhlánaithe (thart ar 350 as iomlán de 1,300) ar aghaidh díreach go dtí Grúpa Oibre Cumarsáide an Bhoird, a rinne próiseáil ar na torthaí.

Astu sin a d'fhreagair, léirigh 84% go raibh siad sásta le cáilíocht na seirbhíse ar an iomlán, níor léirigh ach 1% a míshástacht. Léiríodh leibhéal arda sástachta (80%) le gnéithe sonracha den tseirbhís – iad a bheith coinnithe ar an eolas, an t-am a thóg sé comhfhreagras a fhreagairt/glaonna agus áiseanna a cuireadh ar fáil. Dúirt beagnach 100% gur caitheadh leo go cúirtéiseach.

Leanfaidh an Bord ag reachtáil suirbhéanna den chineál seo ar bhonn leanúnach, mar dhearbhu cáilíochta dá chlár cúraim custaiméirí. Tá sé freisin ag scrúdú cén bonn ar a mbunófar painéil chliant-úsáideoirí le haghaidh comhairliúcháin leanúnach ar sholáthar seirbhíse.

Bainistíocht Fheidhmiúcháin

Rinne an Bord dul chun cinn suntasach nuair a tionscnaíodh an Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmiúcháin (PMDS). Is cuid lárnach den chóras sin cúig lá oiliúna a chur ar fáil don fhoireann ar fad. Cuireadh an chéad chéim den chlár oiliúna i bhfeidhm faoi dheireadh na bliana 2001. Cuirfear fuilleach na hoiliúna ar fáil i rith na bliana 2002.

Rinneadh dul chun cinn freisin i bhforbairt pleananna gnó do gach réimse gníomhaíochta de chuid an Bhoird. Tá na pleananna seo mar chuid bhunúsach de phróiseas pleanála corparáideach an Bhoird agus den PMDS agus aistríonn siad na spríocanna agus na cuspóirí ardleibhéal i bPlean Corparáideach an Bhoird isteach i gcláir shonracha oibre a choinneoidh eolas leis na haonaid oibre agus leis an bhfoireann ina n-imeachtaí ó lá go lá.

Comhpháirtíocht

Lean próiseas comhpháirtíochta an Bhoird ag fás agus ag forbairt i rith na bliana 2001 nuair a tugadh faoi thionscnaimh nua. Anois, cuireann na Grúpaí Oibre Forbartha Foirne agus Cumarsáide, a bunaíodh faoi Thionscnamh na Bainistíochta Straitéisí, tuairiscí ar fáil don Choiste Comhpháirtíochta faoina gcláir oibre leanúnacha. Cuireann Coiste Sláinte agus Sábháilteachta an Bhoird tuairiscí ar fáil don Chomhpháirtíocht chomh maith, mar a dhéanann an coiste atá ag scrúdú cheist na rochtana ar sheirbhísí cúnamh dhlíthiúil.

I measc na bpríomhthascanna atá faoi chúram an Choiste Comhpháirtíochta, tá leathnú an PMDS go dtí an fhoireann ar fad mar aon le feidhmiú na Scéime um Fheidhmíocht den Scoth agus na scéime INPUT (Moltaí Foirne). Chinn an Coiste Comhpháirtíochta freisin clár cuimsitheach i dtaca le scrúdú sláinte a sholáthar don fhoireann i bhfómhar na bliana 2001. Chomh maith leis sin cuireadh tús le hobair ar an athbhreithniú ar ról agus feidhm an Choiste Comhpháirtíochta sa Bhord agus ghlac ionadaithe an Choiste páirt i gceardlanna a bunaíodh thar roinnt eagraíochtaí seirbhíse poiblí.

Straitéis Bhainistíochta Acmhainní Daonna

Sonraíonn an Clár Rathúnais agus Cothromaíochta (PPF) go mbeidh gá le polasaithe agus straitéisí bainistíochta acmhainní daonna a bheidh níos nuálaí agus níos solúbtha chun éifeachtúlacht a chaomhnú agus a fheabhsú. Dá réir sin, bhí an Coiste Comhpháirtíochta ag obair go gníomhach chun forbairt a dhéanamh ar straitéis chuimsitheach acmhainní daonna don eagraíocht. Críochnófar an Straitéis i rith na bliana 2002 agus beidh sé ag cur leis an tionscnaimh atá ar bun cheana féin agus tabharfaidh sé aghaidh ar na dúshláin HR atá roimh an mBord.

AISTRIÚ AN CHEANNRAIS GO CATHAIR SAIDHBHÍN

I rith 2001, shocraigh an Bord dul ar aghaidh leis an bpróiseas aistrithe i leith na foirne sin a bhí le athlonnú i gCathair Saidhbhín. Go luath in 2001 fuair an Bord amach go raibh líon suntasach de bhaill foirne, i Ranna agus in oifigí eile, a raibh suim acu dul leis an mBord sa dóigh is go mbeadh ar a gcumas aistriú go Cathair Saidhbhín, ach nach mbeadh ar a gcumas dul leis an mBord go mbeadh iostas oifige ar fáil dóibh ar an mbaile sin. Dá thoradh sin chinn an Bord oifig eatramhach a oscailt i gCathair Saidhbhín. Aimsíodh foirgneamh oiriúnach agus, in Iúil 2001, chuaigh scór ball foirne i mbun oibre san ionad nua as na 41 ball foirne ar fad a bhí le n-aistriú go Cathair Saidhbhín ar deireadh thiar.

